



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2025

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir leis na nótaí tacaíochta a chuirtear i láthair anseo, ní hiad amháin atá bailí ná, tógtha le chéile, ní liosta iomlán iad agus, maidir le haon phointe eolais ábhartha eile a chuireann iarrthóir i láthair, ba cheart caitheamh leis de réir a chuid buanna féin.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.
- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.
- Úsáideadh marcáil tuairisceora sa scéim mharcála seo chun marcanna a leithdháileadh do chodanna áirithe de roinnt ceisteanna chun pointe/pointí a fhorbairt. Tá cóipeanna den mharcáil tuairisceora a úsáideadh sna táblaí thíos. Bhí an marc tuairisceora a úsáideadh ag brath ar an leithdháileadh marcanna don chuid áirithe sin den cheist. Ceisteanna a bhfuil leithdháileadh 4 mharc acu – bain úsáid as an tábla thíos.

3	2	1	0
Sármhaith	Maith	Réasúnta	Lag
• Mioneolas • Baineann sé leis an gceist • Gonta • Loighciúil	• Roinnt eolais • Forbartha go pointe áirithe	• Leath-thuairim	• Gan eolas ar bith • Athrá déanta ar an ráiteas

4	3	2	1	0
Sármhaith	Maith	Réasúnta	Dona	Lag
• Mioneolas • Baineann sé leis an gceist • Gonta • Loighciúil	• Roinnt eolais • Forbartha go pointe áirithe	• Leath-thuairim	• Eolas ar deacair meabhair a bhaint as nó nach bhfuil ag teacht le chéile	• Gan eolas ar bith • Athrá déanta ar an ráiteas

INNÉACS DO CHEISTEANNA

Ceisteanna		Leathanach/Leathanaigh
	Pointí le tabhairt faoi deara	2
	Nótaí mínithe a úsáidtear	3
1-10	Roinn A	4 – 22
	Roinn B	
11	HHI, Margaí agus GPanna	23 – 29
12	Fiachas Rialtais, Cánachas agus Pinsin	30 – 37
13	Easpórtálacha, Fógraíocht Chomparáideach agus Cúnamh Oifigiúil Forbartha	38 – 45
14	Siopadóireacht ar líne, D&S, geilleagar Poistín	46 – 54
15	Baincéireacht, Praghsanna Maoine, Bonneagar	55– 63
16	Costais, LRAC agus Fiontraíocht	64 – 70
	Tionscadal Taighde Scoláire	71 – 74

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

Nóta Mínithe	Úsáid	Marcanna (más iomchuí)
 1	Faisnéis bhailí	1
 2	Faisnéis bhailí	2
 3	Faisnéis bhailí	3
 4	Faisnéis bhailí	4
 5	Faisnéis bhailí	5
 6	Faisnéis bhailí	6
 7	Faisnéis bhailí	7
 8	Faisnéis bhailí	8
 9	Faisnéis bhailí	9
 10	Faisnéis bhailí	10
 11	Faisnéis bhailí	11
	Farasbarr faisnéise	N/B
0	Freagra mícheart	0
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis	N/B

ROINN A (75 mharc)

C		Freagraí féideartha	Uas. Marc
1	(a)	Pléigh argóint amháin i bhfabhar agus argóint amháin i gcoinne na tuairime go bhfuil buntáistí le baint le hóstáil ócáidí móra spóirt, ar nós Euro 2024, do gheilleagar na tíre atá á n-óstáil. Argóint ar son: Méadú ar ioncam turasóireachta – cuireann teacht líon mór cuairteoirí idirnáisiúnta borradh faoi chaiteachas in óstáin/bialanna/nithe is díol spéise do thurasóirí áitiúla srl. Cruthú post – cruthaíonn na himeachtaí poist shealadacha / poist bhuana in earnálacha na tógála, an fháilteachais agus na bainistíochta imeachtaí. Forbairt bonneagair – is minic a bhíonn feabhas ar an mbonneagar, amhail iompar, mar thoradh ar mhóriméacht spóirt a óstáil, rud a d'fhéadfadh buntáistí fadtéarmacha a bheith aige don daonra áitiúil. Borradh faoi mhuinín eacnamaíoch – d'fhéadfadh an ócáid bród náisiúnta/meon tomhaltóirí a mhéadú sa tír óstach. D'fhéadfadh sé seo caiteachas tomhaltóirí a threisiú le linn na hócáide agus cabhrú leis an ngeilleagar áitiúil a spreagadh. Argóint in aghaidh: Costas ard – d'fhéadfadh costais don tír óstach maidir le bonneagar, slándáil, bainistíocht imeachtaí srl. a bheith suntasach agus d'fhéadfadh siad na buntáistí a shárú. Costas deise – ciallaíonn caiteachas rialtais ar an ócáid nach féidir na cistí sin a chaitheamh ar réimsí eile den gheilleagar, rud a d'fhéadfadh sochair fadtéarmacha a ghiniúint do shaoránaigh áitiúla, m.sh. ar chúram sláinte, ar thithíocht, ar oideachas srl. Riosca caillteanais eacnamaíoch – d'fhéadfadh caillteanais airgeadais shuntasacha a bheith ag an tír óstach, mura n-éiríonn leis na réamh-mheastacháin ioncaim ó thurasóireacht agus urraíocht. Áiseanna tearcúsáidte – i ndiaidh an imeachta, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ionaid speisialaithe nua-tógtha in úsáid go leordhóthanach. Mar thoradh air sin, cuirtear acmhainní amú agus cuirtear costais chothabhála leanúnacha ar fáil. Damáiste don chomhshaol – d'fhéadfadh fadhbanna comhshaoil a bheith mar thoradh ar thionscadail thógála ar mhórsála agus ar theacht cuairteoirí, amhail méadú ar thruailliú / méadú ar bhrúscar / méadú ar bhrú ar acmhainní fuinnimh agus uisce srl.	6
	(b)	Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar an téarma eacnamaíochta anailís costais is tairbhe. Cabhraíonn sé le meá/meas a dhéanamh ar cibé an bhfuil na buntáistí dearfacha níos tábhachtaí ná na costais ghaolmhara a bhaineann le tionscadal, chun a chinneadh an gcaithfidh sé dul ar aghaidh nó nach gcaithfidh. Chun go n-éireoidh le tionscadal, ní mór a shochair a bheith cothrom lena chostais nó níos mó ná iad.	6

2

Taispeántar sa tábla thíos ioncam indiúscartha teaghlaigh, caiteachas tomhaltais teaghlaigh, agus coigilteas teaghlaigh in Éirinn sa Chéad Ráithe, 2024.

Ioncam Indiúscartha Teaghlaigh	€43.91 billiún
Caiteachas Tomhaltais Teaghlaigh	€37.32 billiún
Coigilteas Teaghlaigh	€6.59 billiún

Arna chur in oiriúint ó POS (CSO)

(a) Ó na sonraí sa tábla thuas, ríomh an ráta céatadánach coigiltis teaghlaigh don Chéad Ráithe, 2024. **Taispeáin do chuid oibre ar fad.**

6

Do chuid oibre:

$$\frac{\text{Coigilteas Teaghlaigh}}{\text{Ioncam Indiúscartha Teaghlaigh}} \times \frac{100}{1}$$
$$\frac{€6.5 \text{ billiún}}{€43.91 \text{ billiún}} \times \frac{100}{1}$$

Freagra: 15 %


Bain 1 mharc as easnamh %

	Freagair (b) nó (c) (b) Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc eacnamaíochta a d'fhéadfadh roinnt teaghlach in Éirinn a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu faoin méid dá n-ioncam a choigleoidh siad (seachas leibhéal a n-ioncaim). Rátaí úis / rochtain ar chreidmheas – Spreagann rátaí úis níos airde coigiltis teaghlaigh de réir mar a mhéadaíonn tuairisceáin taiscí, agus laghdaíonn rátaí níos ísle an dreasacht chun coigilt a dhéanamh. Nuair a bhíonn iasachtaí níos inrochtana, féadfaidh teaghlaigh níos lú a shábháil agus brath níos mó ar chreidmheas le haghaidh ceannacháin mhóra. Mar sin féin, má bhíonn sé níos deacra iasachtaí a fháil, b'fhéidir go mbeadh ar theaghlaigh níos mó a shábháil chun costais amach anseo a mhaoiniú. Ráta boilscithe – Má tá boilsciú ard nó ag ardú, féadfaidh teaghlaigh rogha a dhéanamh caitheamh seachas coigilt, toisc go laghdóidh luach a gcoigiltis le himeacht ama. Mar sin féin, má tá an boilsciú íseal nó cobhsaí, d'fhéadfadh teaghlaigh a bheith níos claonta chun coigilt a dhéanamh mar go gcoimeádfaidh a gcumhacht ceannaigh a gcoigiltis. Slándáil fostaíochta – má tá post cobhsaí agus fadtéarmach ag teaghlach (m.sh. conarthaí buana), b'fhéidir go mbraithfidh siad compordach níos mó a chaitheamh agus níos lú a shábháil. Mar sin féin, féadfaidh oibrithe i gconarthaí sealadacha, féinfhostaíocht, nó tionscail níos luaineacha níos mó a shábháil mar líontán sábháilteachta airgeadais i gcás caillteanais poist. Dearcadh eacnamaíoch / muinín tomhaltóirí – Má bhíonn teaghlaigh níos dóchasach faoin ngeilleagar, féadfaidh siad níos lú a shábháil agus níos mó a chaitheamh. Má tá éiginnteacht ard (m.sh. mar gheall ar chúil eacnamaíochta), féadfaidh teaghlaigh a gcoigiltis réamhchúraim a mhéadú. Beartais rialtais / cánachais – D'fhéadfadh dreasachtaí cánach le haghaidh coigiltis (m.sh. faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí pinsin) coigiltis níos airde teaghlaigh a spreagadh. Má mheasann teaghlaigh go bhfuil an ráta CCÚT (Cáin Choinneála Úis Taisce) ard, féadfaidh siad níos lú a shábháil. Leibhéil fiachais teaghlaigh – Má tá leibhéil arda fiachais ag teaghlach (m.sh. morgáiste, iasacht gluaisteáin, iasacht phearsanta), féadfaidh sé díriú ar fhiach(a) a aisíoc seachas ar choigilt. Mura bhfuil leibhéil fiachais ann, d'fhéadfadh teaghlaigh a mhothú gur féidir leo níos mó a shábháil. Déimeagrafaic / céim saoil – B'fhéidir go sábhálfaidh teaghlaigh níos óige níos lú chun tús áite a thabhairt do chostais mhóra amhail teach a cheannach nó leanaí a thógáil. D'fhéadfadh teaghlaigh atá ag druidim le scor níos mó a shábháil agus iad ag díriú ar shlándáil airgeadais agus ar phleanáil don todhchaí. Infhaighteacht / iontaofacht sochar cosanta sóisialta – má tá muinín ag teaghlaigh go bhfreastalóidh pinsin stáit / sochair leasa shóisialaigh ar a riachtanais, d'fhéadfadh sé go mbraithfidís níos lú gá le coigilt. Mar sin féin, mura bhfuil teaghlaigh cinnte faoi inbhuanaitheacht na dtacaíochtaí seo amach anseo, féadfaidh siad níos mó a shábháil mar réamhchúram. Slándáil coigiltis – Má tá muinín ag teaghlaigh go bhfuil a gcuid coigiltis sábháilte i mbanc, is mó an seans go sábhálfaidh siad. Mar sin féin, má bhíonn eagla orthu roimh theipeanna/éagobhsaíocht baincéireachta, féadfaidh siad cistí a tharraingt siar agus infheistíocht a dhéanamh in áit eile nó iad a chaitheamh.	2 @ 3
--	--	---------------------

	NÓ (c) Tá leibhéal ard coigiltis teaghlaigh inmhianaithe do gheilleagar na hÉireann. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas seo? AONTAÍM: Cobhsaíocht airgeadais do theaghlaigh – cuireann ardleibhéal coigiltis teaghlaigh slándáil airgeadais ar fáil do theaghlaigh. Cuidíonn sé seo le teaghlaigh déileáil níos fearr le costais gan choinne amhail éigeandálaí leighis, caillteanais post, agus géarchéimeanna eacnamaíocha. Méadú ar iasachtaí/infheistíocht ag bainc – nuair a shábhálann teaghlaigh níos mó, bíonn níos mó cistí ag bainc le hiasachtaí a thabhairt do ghnólachtaí agus do shaoránaigh. D’fhéadfadh sé seo infheistíocht i mbonneagar, i dtithíocht agus i bhfiontraíocht a spreagadh. Infheistíocht mhéadaithe rialtais – d’fhéadfadh sé go mbeadh institiúidí airgeadais ag infheistiú níos mó i mbannaí rialtais na hÉireann mar thoradh ar choigilteas teaghlaigh níos airde i mbanc. Cuidíonn an t-éileamh méadaithe ar bhannaí leis an stát iasachtaí a fháil ar rátaí úis níos ísle / laghdaíonn sé costas an fhiachais phoiblí. D’fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le níos mó infheistíochta ag an rialtas i dtionscadail fhadtéarmacha amhail bonneagar poiblí, fuinneamh in-athnuaite srl. Spleáchas níos ísle ar chreidmheas – ciallaíonn coigiltis níos airde go mbraitheann teaghlaigh níos lú ar chreidmheas agus iasachtaí. Laghdaíonn sé seo fadhbanna fiachais phearsanta arda, rud a bhí ina phríomhfhachtóir i ngéarchéim airgeadais 2008 in Éirinn. Brú laghdaithe ar chosaint shóisialta – laghdaíonn coigiltis teaghlaigh níos airde an spleáchas ar shochair rialtais. Bíonn saoránaigh a bhfuil dóthain coigiltis acu níos lú spleáchais ar leas sóisialach le linn tréimhsí dífhostaíochta / breoiteachta / cruatain airgeadais. Bíonn saoránaigh a bhfuil dóthain coigiltis acu níos lú spleáchais ar leas sóisialach le linn tréimhsí dífhostaíochta / breoiteachta / cruatain airgeadais. Laghdaíonn sé seo an brú ar chóras pinsin stáit. EASAONTAÍM: Laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí – má shábhálann teaghlaigh an iomarca, caitheann siad níos lú ar earraí agus ar sheirbhísí. Laghdaíonn sé seo éileamh tomhaltóirí, go háirithe in earnálacha cosúil le miondíol agus fáilteachas, áit a mbraitheann gnólachtaí go mór ar chaiteachas tomhaltóirí. Fás eacnamaíoch laghdaithe – nuair a laghdaíonn caiteachas tomhaltóirí, tuilleann gnólachtaí níos lú ioncaim, rud a d’fhéadfadh laghdú ar infheistíocht nó ar chaillteanais post a bheith mar thoradh air. Le himeacht ama, d’fhéadfadh sé seo fás eacnamaíoch na hÉireann a mhoilliú, toisc go mbíonn tionchar diúltach ag laghdú ar an éileamh ar leibhéil táirgeachta, ar phá agus ar ioncam cánach an rialtais. Riosca díbhoilscithe – má shábhálann teaghlaigh níos mó seachas a chaitheamh, b’fhéidir go mbeadh ar ghnólachtaí praghsanna a ísliú sa deireadh chun custaiméirí a mhealladh. D’fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le díbhoilsciú, rud a laghdaíonn brabúis ghnó, a dhíspreagann infheistíocht agus a mhoillíonn cruthú post. Ioncam rialtais níos ísle – beidh laghdú ar ioncam cánach ó CBL (Cáin Bhreisluacha) mar thoradh ar laghdú ar chaiteachas. D’fhéadfadh sé seo caiteachas an rialtais ar chúram sláinte, ar thithíocht, ar bhonneagar srl a theorannú. Éagothroime ioncaim Mhéadaithe – is gnách go mbíonn níos mó coigiltis ag teaghlaigh níos saibhre ná teaghlaigh ar ioncam íseal. Má tá rátaí coigiltis ard ach dáilte go míchothrom, d’fhéadfadh an bhearna éagothroime ioncaim leathnú. Le himeacht ama, d’fhéadfadh sé seo cobhsaíocht shóisialta/comhtháthú sóisialta na hÉireann a lagú agus an neamhionannas eacnamaíoch a dhéanamh níos measa.	6
--	---	---

- 3 (a) Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta **amháin** a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn ag athrú ó níos mó carranna athláimhe a iompórtáil ón tSeapáin agus níos lú carranna athláimhe a iompórtáil ón Ríocht Aontaithe, mar a léirítear sa chairt thuas.

6



Breathimeacht / Costais allmhairithe – ó d’fhág an Ríocht Aontaithe an AE, tá sé níos costasaí gluaisteáin úsáidte a allmhairiú ón mBreatain mar gheall ar bhacainní trádála nua. Tá dleachtanna custaim, CBL agus táillí allmhairithe le híoc anois ag ceannaitheoirí Éireannacha, rud nárbh i bhfeidhm roimh an mBreathimeacht. Mar gheall ar na costais bhreise, tá gluaisteáin allmhairithe sa Ríocht Aontaithe níos lú tarraingtí i gcomparáid le gluaisteáin Seapánacha.

Ráta malairte Steirling / euro – tá luach Steirling níos dothuartha i ndiaidh Brexit. Aon uair a mhéadaíonn luach an phunt i gcoinne an euro, caithfidh ceannaitheoirí Éireannacha níos mó a íoc in euro chun gluaisteáin a cheannach ón Ríocht Aontaithe. Fágann sé seo go bhfuil siad níos lú inacmhainne.

Cáilíocht agus iontaofacht Mhéadaithe Gluaisteán Seapánacha – le himeacht ama, b’fhéidir gur méadaigh feachtas i measc ceannaitheoirí/allmhairiú gluaisteán Éireannacha faoi cháilíocht/iontaofacht/teicneolaíocht níos fearr gluaisteán úsáidte Seapánacha. Is minic a bhíonn na feithiclí seo i riocht níos fearr agus le míleáiste níos ísle. Bíonn tionchar díreach ag na tosca sin ar chostais, ar luach athdhíola agus ar éileamh an mhargaidh, agus tá siad seo go léir lárnach i gcinnteoireacht eacnamaíoch.

Tá gluaisteáin Seapánacha níos saoire – is minic a bhíonn gluaisteáin úsáidte ón tSeapáin níos saoire ná allmhairí ón Ríocht Aontaithe mar gheall ar an ard-láimhdeachas feithiclí sa tSeapáin. Déanann go leor tiománaithe Seapánacha a gcuid carranna a thrádáil isteach tar éis cúpla bliain, rud a fhágann go mbíonn soláthar níos mó gluaisteán athláimhe ann. Mar thoradh air sin, bíonn praghsanna níos ísle ar fheithiclí dea-chothabháilte, rud a fhágann gur rogha níos tarraingtí iad do cheannaitheoirí Éireannacha.

Tuilleadh roghanna feithiclí leictreacha/hibrideacha – Tá monaróirí gluaisteán Seapánacha ar nós Toyota, Honda, Nissan srl. i gceannas ar theicneolaíocht feithiclí hibrideacha/leictreacha le roinnt blianta anuas. Is hibridí iad go leor gluaisteán úsáidte ón tSeapáin, atá níos saoire le rith ná gluaisteáin peitрил/díosail níos sine ón Ríocht Aontaithe. Le costais breosla ag ardú, tá tomhaltóirí Éireannacha ag roghnú allmhairí Seapánacha atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de agus atá réidh don todhchaí.

Rogha níos leithne de mhúnlaí Seapánacha – onnmhairíonn an tSeapáin go leor samhlacha gluaisteán nár díoladh riamh sa Ríocht Aontaithe ná in Éirinn. Tugann an rogha níos leithne seo níos mó éagsúlachta agus roghanna níos fearr do cheannaitheoirí in Éirinn, m.sh. Mazda Axela.

Riosca níos ísle meirge agus creimeadh i ngluaisteáin Seapánacha – Úsáideann an tSeapáin níos lú salainn bóthair sa gheimhreadh ná an Ríocht Aontaithe (agus Éire) agus bíonn níos lú meirge agus creimeadh ar ghluasteáin Seapánacha mar thoradh air sin. Fágann sé seo go bhfuil allmhairí Seapánacha níos marthanaí agus níos iontaofa san fhadtárma.

	Freagair (b) nó (c) In 2024, d'ardaigh an tAontas Eorpach (AE) na taraifí a ghearrtar ar fheithiclí leictreacha a iompórtáiltear ón tSín. (b) Mínigh beart amháin eile (seachas taraifí) a d'fhéadfadh an AE a úsáid chun iompórtálacha feithiclí leictreacha ón tSín a laghdú. Cuótaí allmhairithe – d'fhéadfadh an AE uasteorainn a shocrú ar líon na bhfeithiclí leictreacha is féidir a allmhairiú ón tSín gach bliain. Chuirfeadh sé seo níos deacra ar mhonaróirí feithiclí leictreacha sa tSín a láithreach san AE a leathnú. Fóirdheontais do tháirgeoirí feithiclí leictreacha Eorpacha – d'fhéadfadh an AE tacaíocht airgeadais a sholáthar do mhonaróirí feithiclí leictreacha Eorpacha trí dheontais taighde, dreasachtaí cánach agus maoiniú do theicneolaíocht ghlas. Chuirfeadh sé seo níos mó iomaíochta ar fheithiclí leictreacha a tháirgtear san Eoraip i gcomparáid le hallmhairí ón tSín. Mar sin féin, ní mór do fhóirdheontais cloí le rialacha cúnaimh stáit an AE agus rialacháin na hEagraíochta Domhanda Trádála chun iomaíocht éagórach a sheachaint. Caighdeáin sábháilteachta agus comhshaoil níos déine / Caighdeáin rialála – d'fhéadfadh an AE rialacháin sábháilteachta / astaíochtaí / comhshaoil / teicniúla níos déine a fhorchur a chaithfidh feithiclí leictreacha ón tSín a chomhlíonadh le go ndíolfar iad i margadh an AE. Má bhíonn deacracht ag monaróirí sa tSín cloí leis na rialacháin, d'fhéadfadh sé seo allmhairí a laghdú. Bacainní riaracháin / maorlathas / rópholl a thabhairt isteach – d'fhéadfadh an AE nósanna imeachta riaracháin níos déine a thabhairt isteach chun go mbeadh sé níos deacra d'fheithiclí leictreacha ón tSín dul isteach sa mhargadh. D'fhéadfadh nósanna imeachta fada deimhniúcháin / nósanna imeachta casta custaim a bheith san áireamh leis seo. Trí am agus costas allmhairithe feithiclí leictreacha a mhéadú, d'fhéadfadh na bacainní monaróirí sa tSín a dhíspreagadh ó onnmhairiú chuig an AE. Athruithe ar bheartas soláthair an Rialtais – d'fhéadfaí a cheangal ar chabhlaigh na hearnála poiblí san Eoraip, amhail feithiclí rialtais agus iompar poiblí, feithiclí leictreacha a mhonaraítear san AE amháin a cheannach. Chinnteodh sé seo go mbeadh éileamh intíre níos mó ar fheithiclí a tháirgtear go háitiúil seachas ar fheithiclí allmhairithe. Srianta infheistíochta – d'fhéadfadh an AE infheistíocht na Síne i gcuideachtaí gluaisteán Eorpacha a theorannú. D'fhéadfadh sé seo a dhéanamh níos deacra do mhonaróirí gluaisteán sa tSín srianta trádála a sheachaint trí tháirgeadh san AE. Infheistíocht i dtáirgeadh ceallraí intíre – Tá an tSín i gceannas ar sholáthar miotal neamhchoitianta, amhail litiam, atá riachtanach do chadhnraí feithiclí leictreacha. D'fhéadfadh an AE maoiniú a dhéanamh ar tháirgeadh ceallraí ar scála mór chun feithiclí leictreacha Eorpacha a dhéanamh níos iomaíche agus chun buntáiste costais allmhairí feithiclí leictreacha ón tSín a laghdú san fhadtréimhse. Toirmeasc trádála – chuirfeadh cosc iomlán ar allmhairiú feithiclí leictreacha na Síne stop iomlán lena n-iontráil isteach i margadh an AE. Is beart an-dian é seo agus d'fhéadfadh sé rialacha an EDT a shárú / díoltas ón tSín a spreagadh / pragsanna feithiclí leictreacha a mhéadú do thomhaltóirí Eorpacha.	6
--	--	---

	NÓ (c) Is cosúil go bhfuil caomhnaitheacht trádála ag dul i méid ar fud an domhain. Tabhair cuntas gearr ar chúis amháin ar cosúil go bhfuil caomhnaitheacht trádála ag méadú, dar leat. Laghdú ar líon na siltí ón sreabhadh ciorclach d'ioncaim – nuair a cheannaímid impórtálacha, ní fhanann an t-airgead sa tír bhaile ach téann sé chun sochair d'ioncam náisiúnta na tíre nó na dtíortha óna bhfuilimid ag ceannach. Fostaíocht intíre a chosaint – braithfear níos mó ar earraí a dhéantar sa tír. Cabhróidh sé seo le daoine a choimeád ag obair sa gheilleagar intíre. Truailliú a laghdú – caithfear earraí a iompar de ghnáth, rud a dhéanann dochar don timpeallacht. Seans go laghdóidh cosaint trádála an dochar seo. Gan bheith ag brath chomh mór sin ar mhargaí eachtracha – fágann cosaint trádála nach bhfuilimid i dtuilleamaí chomh mór sin ar thíortha eile le haghaidh earraí nó seirbhísí. Cúiseanna polaitiúla / straitéiseacha / Dídhomhandú / Cogadh eacnamaíoch – tá roinnt smachtbhannaí agus srianta trádála tarlaithe mar thoradh ar chinntí polaitiúla amhail Brexit / freagairtí ar an gcogadh san Úcráin / beartais trádála le déanaí ag Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá brú ar roinnt rialtais ó vótóirí a mhothaíonn go bhfuil dochar déanta ag an domhandú do gheilleagair áitiúla. Meallann beartais chosantacha na vótóirí seo trí ghealladh a thabhairt go dtacóidh siad le tionscail intíre. Fadhbanna leis an slabhra soláthair – leag paindéim Covid-19 béim ar laigí i slabhraí soláthair domhanda. Mar thoradh air sin, tá tús áite tugtha ag tíortha do tháirgeadh intíre earraí riachtanacha, amhail soláthairtí leighis agus leathsheoltóirí. Imní slándála náisiúnta – cuireann roinnt rialtas srian ar thrádáil i dtionscail straitéiseacha amhail teicneolaíocht agus fuinneamh chun earnálacha íogaire a chosaint. Mar shampla, tá reachtaíocht á phleanáil ag rialtas na hÉireann chun táirgeoirí eachtracha áirithe a ainmniú mar 'ardriosca' agus srian a chur orthu trealamh a sholáthar do bhonneagar teileachumarsáide na hÉireann.	6
--	--	---

4	Sa chairt thíos léirítear na hathruithe céatadánacha bliain ar bhliain i bPraghasinnéacs na dTomhaltóirí (PIT) in Éirinn do sheacláid ó Eanáir 2024 go Meitheamh 2024. Praghasinnéacs na dTomhaltóirí (PIT) in Éirinn do Sheacláid <i>Athrú Céatadánach Bliantúil ó Eanáir 2024 go Meitheamh 2024</i> <table><thead><tr><th>Mánuil</th><th>Athrú Céatadánach</th></tr></thead><tbody><tr><td>Eanáir-24</td><td>9.1</td></tr><tr><td>Feabhra-24</td><td>7.7</td></tr><tr><td>Márta-24</td><td>7.7</td></tr><tr><td>Aibreán-24</td><td>7.1</td></tr><tr><td>Bealtaine-24</td><td>5.0</td></tr><tr><td>Meitheamh-24</td><td>4.8</td></tr></tbody></table> (a) Déan trácht ar an treocht sa PIT do sheacláid a léirítear thuas agus sonraí ón gcairt á n-úsáid, agus mínigh an bhfuil an treocht a bhreac tú tairbheach do thomhaltóirí seacláide. Treocht: Léiríonn an treocht sa CPI don seacláid meath seasta ó 9.1% i mí Eanáir 2024 go 4.8% i mí an Mheithimh 2024 (nó faoi 4.3%) Léiríonn an treocht moilliú de réir a chéile i ráta na méaduithe praghsanna. Tá praghsanna seacláide fós ag ardú, ach ar ráta laghdaitheach. Tairbheach do thomhaltóirí seacláide: Fás níos moille ar phraghsanna – cé go bhfuil praghsanna ag ardú fós, tá siad ag déanamh amhlaidh ar ráta níos ísle. Fágann sé seo go bhfuil seacláid níos saoire ná mar a bheadh dá bhfanadh a ráta boilscithe ag 9.1%. Acmhainneacht cobhsaíochta praghsanna – má leanann an treocht seo ar aghaidh, d’fhéadfadh sé go mbeadh cobhsaíocht praghsanna nó fiú laghduithe praghsanna mar thoradh air amach anseo. Brú airgeadais laghdaithe – maolaíonn an moilliú ar mhéaduithe praghsanna an brú airgeadais ar thomhaltóirí i gcomparáid leis an am a raibh boilsciú níos airde. Fágann sé seo go bhfuil sé níos éasca do thomhaltóirí seacláide buiséid teaghlaigh a bhainistiú. Neamhthairbheach do thomhaltóirí seacláide: Tá praghsanna ag ardú i gcónaí – ní chiallaíonn an ráta boilscithe atá ag laghdú (díbhóilsciú) ach go bhfuil praghsanna ag ardú de réir a chéile, ní go bhfuil siad ag titim. Tá tomhaltóirí fós ag íoc níos mó ná an tráth seo anuraidh. Tá tionchar fós ar bhuiséid tomhaltóirí / ioncaim indiúscartha – fiú le díbhóilsciú, d’fhéadfadh brú airgeadais a bheith ar thomhaltóirí fós, toisc nach mbeadh a bhfás pá ag ardú ag an luas céanna le praghsanna seacláide. Ciallaíonn sé seo go mb’fhéidir go mbeadh ar roinnt tomhaltóirí tosaíocht a thabhairt do riachtanais thar chaiteachas lánroghnach cosúil le seacláid.	Mánuil	Athrú Céatadánach	Eanáir-24	9.1	Feabhra-24	7.7	Márta-24	7.7	Aibreán-24	7.1	Bealtaine-24	5.0	Meitheamh-24	4.8	6
Mánuil	Athrú Céatadánach															
Eanáir-24	9.1															
Feabhra-24	7.7															
Márta-24	7.7															
Aibreán-24	7.1															
Bealtaine-24	5.0															
Meitheamh-24	4.8															

		Freagair (b) nó (c) (b) Cé go bhfuil an ráta boilscithe tar éis titim le trí bliana anuas, tá tomhaltóirí na hÉireann fós ag íoc praghsanna arda. Tabhair breac-chuntas ar bheart amháin a rinne rialtas na hÉireann agus tomhaltóirí in Éirinn chun déileáil leis na harduithe sa chostas maireachtála. Beart amháin a ghlac Rialtas na hÉireann: Íocaíochtaí leasa shóisialaigh méadaithe – tá íocaíochtaí amhail pinsin, sochar leanaí agus liúntais breosla méadaithe ag an rialtas. Rinneadh dhá íocaíocht dhúbailte leasa shóisialaigh le faighteoirí fadtéarmacha. Cuidíonn na bearta seo le grúpaí ísealioncaim agus leochaileacha déileáil le costais níos airde. Ardú ar an íosráta pá náisiúnta – tá an t-íosráta pá náisiúnta ardaithe go €13.50 san uair dóibh siúd atá 20 bliain d’aois agus os a chionn chun cumhacht ceannaigh oibrithe ar phá íseal a fheabhsú.. Laghduithe cánach / Creidmheasanna cánach – tá méadú tagtha ar ioncam indiúscartha oibrithe mar gheall ar athruithe i mbandaí cánach ioncaim agus laghduithe ar rátaí an Mhuirir Shóisialta Uilíoch (MSU). Tacaíochtaí Fuinnimh / Costas Maireachtála – tá creidmheasanna agus fóirdheontais fuinnimh curtha ar fáil ag an rialtas chun cabhrú le teaghlaigh a bhfuil costais fónais ag ardú orthu. Rialuithe cíosa / tionscnaimh tithíochta – tugadh isteach tionscadail bhreise tithíochta sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar chostas méadaitheach na cóiríochta. Tá an creidmheas cánach cíosa méadaithe ó €750 go €1,000, chun tacaíocht airgeadais bhreise a thairiscint do thionóntaí. Leathnú ar chúram dochtúra teaghlaigh saor in aisce / incháilitheacht do chárta leighis – tá níos mó saoránach anois i dteideal cuairteanna dochtúra ghinearálta agus cártaí leighis saor in aisce, rud a laghdaíonn a gcostais chúram sláinte.. Méaduithe pá san earnáil phoiblí – cuidíonn méaduithe pá caibidlithe d’fhostaithe san earnáil phoiblí lena dtuilleamh a chosaint ó thionchar an bhoilscithe.. Leathnú ar chúram leanaí fóirdheonaithe – cuidíonn fóirdheontais mhéadaithe do sheirbhísí cúraim leanaí le hualach airgeadais ar theaghlaigh atá ag obair a laghdú.. Tacaíochtaí oideachais – tá an tionscnamh leabhar scoile saor in aisce sínte amach chuig gach dalta suas go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta agus tá táillí scrúdaithe curtha ar ceal chun costais a laghdú do theaghlaigh a bhfuil páistí scoile acu. Bearta iompair phoiblí níos saoire – leanfaidh laghdú 20% ar tháillí iompair phoiblí sa bhliain 2025 / Lascaine 50% do shealbhóirí Cárta Leap do Dhaoine Óga / Tá iompar poiblí saor in aisce anois do gach leanbh faoi naoi mbliana d’aois / Ligeann Pas Compánach Uilíoch do shaoránaigh os cionn 70 bliain d’aois cara a thabhairt leo saor in aisce ar iompar poiblí.	6
--	--	--	-----------------

		Beart amháin a rinne tomhaltóirí in Éirinn: Buiséadú / Gearradh Costais – tá straitéisí buiséadaithe níos déine glactha ag tomhaltóirí, chun tosaíocht a thabhairt do chaiteachas riachtanach, agus costais neamhriachtanacha a ghearradh amach.. Aistriú chuig miondíoltóirí lascaire – tá go leor tomhaltóirí ag roghnú ollmhargaí agus brandaí ar chostas níos ísle chun airgead a shábháil ar ghrósaera.. Bearta coigilte fuinnimh – chun billí leictreachais agus téimh a laghdú, tá teaghlaigh ag infheistiú i bhfearais níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus ag baint leasa as dreasachtaí rialtais amhail fóirdheontais painéil ghréine. Úsáid mhéadaithe iompair phoiblí – tá tomhaltóirí ag laghdú costais iompair trí rogha a dhéanamh d’iompar poiblí nó trí chomhroinnt gluaisteán in ionad tiomáint.. Athrú soláthraithe / Níos mó siopadóireachta – déanann níos mó tomhaltóirí comparáid idir praghsanna anois agus athraíonn siad soláthraithe árachais, leathanbhanda agus fóntais, chun margaí níos fearr a fháil.. Ag fás bia féin – cuireann roinnt tomhaltóirí glasraí agus luibheanna sa bhaile chun costais grósaera a laghdú. Ceannach i mbulc / Úsáid a bhaint as scéimeanna dílseachta – tá tomhaltóirí ag ceannach i mbulc níos mó agus níos mó, ag baint úsáide as pointí dílseachta ollmhargaidh, agus ag baint leasa as lascainí chun airgead a shábháil.. Obair chianda chun costais taistil/chúraim leanaí a laghdú – tá go leor fostaithe ag roghnú oibriú ón mbaile níos minice chun coigilt a dhéanamh ar chostais iompair agus cúraim leanaí.. Deisiú in ionad athsholáthair – in ionad rud nua a cheannach, tá níos mó tomhaltóirí ag deisiú éadaí, fearais agus troscáin chun a saolré a fhadú.. Siopadóireacht athláimhe – tá níos mó tomhaltóirí ag ceannach éadaí, troscáin agus leictreonaic athláimhe chun costais a laghdú..	6
--	--	---	---

	NÓ (c) Ceannaíonn táirgeoirí seacláide cócó sula ndéanann siad táirgí. Sa Chéad Ráithe de 2024, tháinig méadú faoi thrí ar phraghsanna cócó. Bítear ag súil leis go gcuirfidh déantúsóirí na costais níos airde seo ar aghaidh chuig siopadóirí agus chuig miondíoltóirí sa Cheathrú Ráithe nuair a dhéantar formhór de dhíolacháin an tionscail timpeall ar Oíche Shamhna agus an Nollaig. Arna chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ An sampla de bhoilsciú de bharr tharraingt an éilimh nó boilsciú de bharr costbhrú é seo, dar leat? Cuir in iúl do rogha thíos agus tabhair údar leis. Freagra: Boilsciú de bharr costbhrú Cosaint: Costais ionchuir ag ardú – tá praghsanna cócó méadaithe do tháirgeoirí seacláide. Nuair a ardaíonn costas amhábhair, caithfidh gnólachtaí níos mó a íoc chun na hearraí céanna a tháirgeadh. Is cúis le boilsciú de bharr costbhrú é seo. Praghsanna níos airde do thomhaltóirí – tá costais táirgthe méadaithe os comhair monaróirí seacláide agus tá siad ag cur na gcostas seo ar aghaidh chuig tomhaltóirí trí phraghsanna a ardú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil boilsciú á thiomáint ag costais níos airde. Ní de bharr ardú in éileamh tomhaltóirí – tarlaíonn boilsciú tarraingthe-éilimh nuair a bhíonn an iomarca airgid ag tóraíocht róbheag earraí / nuair a ardaíonn éileamh tomhaltóirí níos tapúla ná an soláthar. Anseo, níor tháinig méadú ar an éileamh, ach tá costais táirgthe tar éis ardú. Turraing thaobh an tsoláthair – feidhmíonn trí oiread tobann phraghsanna cócó mar thurraing soláthair agus cuireann sé níos mó costas ar tháirgeadh seacláide agus dá bhrí sin, laghdaíonn sé a sholáthar. Cuireann sé seo tuilleadh le hardú praghsanna. Moill ama i méadú praghais – meastar go n-ardóidh táirgeoirí seacláide praghsanna níos déanaí sa bhliain. Tugann sé seo le fios go bhfuil éifeacht bhoilscithe de bharr costbhrú ann mar is gnách go mbíonn gnólachtaí ag glacadh costbhrú níos airde ar feadh tréimhse sula gcuirtear ar aghaidh iad.	6
--	---	----------

5

(a)

Mínigh an difríocht idir ráiteas dearfach eacnamaíochta agus ráiteas normatach eacnamaíochta.

Ráiteas dearfach eacnamaíochta:

Bíonn ráiteas eacnamaíoch dearfach **oibiachtúil agus bunaithe ar fhíricí**. Déanann sé cur síos ar an domhan mar atá sé, nó mar a bheidh sé, faoi choinníollacha áirithe gan breithiúnais luacha a dhéanamh. Is féidir é a thástáil / a fhíorú trí fhianaise / sonraí a úsáid.

Ráiteas normatach eacnamaíochta:

Is ráiteas **suibiachtúil** é ráiteas normatach agus tá sé **bunaithe ar thuairimí / breithiúnais luacha**. Léiríonn sé cad ba chóir a tharlú seachas cad atá ag tarlú i ndáiríre. Ní féidir é a thástáil / a fhíorú trí fhianaise / sonraí a úsáid.

(b)

Abair an ráiteas dearfach nó ráiteas normatach atá i ngach ceann de na ráitis eacnamaíochta thíos. Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun do rogha a chur in iúl.

Ráiteas Eacnamaíochta		Ráiteas Dearfach	Ráiteas Normatach
1.	Tá cúram sláinte saor in aisce tuillte ag na saoránaigh uile in Éirinn chun rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte a chinntiú.		✓
2.	Dá n-ardódh rialtas na hÉireann ráta na cánach corparáide de 3% laghdófaí infheistíocht dhíreach choigríche sa tír 25% ar a laghad.	✓	

2 @ 3

2 @ 3

6


- (a) Is é an ráta náisiúnta íosphá faoi láthair ná €13.50 san uair. Is sampla é seo de bhonnphraghas.
Mínigh an tuiscint atá agat ar an téarma eacnamaíochta bonnphraghas.

Bonnphraghas:

Is íosphraghas dlíthiúil é urlár praghaís a shocraíonn an rialtas / a fhorfheidhmítear le dlí, agus ní féidir earra nó seirbhís a dhíol faoina bhun. Ní bhíonn sé éifeachtach ach amháin má shocraítear é os cionn an phraghaís chothromaíochta.

Is é an cuspóir atá leis ná ioncaim a chosaint / margaí a chobhsú / táirgeadh a spreagadh / iomaíocht éagórach a chosc / bearta sláinte poiblí a fhorfheidhmiú.

- (b) Sa léaráid thíos, taispeántar saormhargadh saothair.
Críochnaigh an léaráid chun an tionchar a thaispeáint a bheidh ag athrú i ráta náisiúnta íosphá reatha na hÉireann, ag ráta níos airde ná P_C sa léaráid thíos, ar mhargadh an tsaothair. Lipéadaigh go soiléir aon athruithe a dhéanann tú. Mínigh do fhreagra.



Míniú:

Ráta pá: tá an ráta íosta pá náisiúnta (NMW) os cionn ráta pá cothromaíochta an mhargaidh shaoir (W_E).

Méadaíonn an soláthar: ag an ráta íosta pá níos airde, bíonn níos mó oibrithe ag iarraidh oibriú / méadaíonn an soláthar saothair, i gcomparáid leis an leibhéal margaidh shaoir (Q_E).

Titeann an t-éileamh: áfach, ós rud é go gcaithfidh gnólachtaí pá níos airde a íoc anois, éilíonn siad níos lú oibrithe / laghdaíonn an t-éileamh ar shaothar ag an leibhéal íosta pá i gcomparáid le leibhéal an mhargaidh shaoir (Q_E).

Ró-sholáthar / dífhostaíocht: is cúis le dífhostaíocht é seo, toisc go bhfuil líon na ndaoine atá ag lorg poist (Q_S) níos mó ná líon na bpost atá ar fáil (Q_D). Cé go dtuillfidh roinnt oibrithe níos mó, d'fhéadfadh go gcaillfeadh daoine eile a gcuid post nó go laghdódh siad uaireanta oibre de réir mar a oiriúnóidh gnólachtaí do na costais saothair níos airde.

6

6
3 x 1


7	(a) Sa tábla thíos, taispeántar luachanna measta do Leaisteachas Ioncaim an Éilimh (YED) le haghaidh earraí roghnaithe in Éirinn. <table data-bbox="435 264 1177 542"> <tr> <th></th><th>Táirge</th><th>Luach YED</th></tr> <tr> <td>1</td><td>Leictreachas tí</td><td>+ 0.1</td></tr> <tr> <td>2</td><td>Núdail ar an toirt</td><td>- 0.5</td></tr> <tr> <td>3</td><td>Éadaí scothbhranda</td><td>+ 4.1</td></tr> </table> Bain úsáid as na sonraí do Leaisteachais Ioncaim an Éilimh (YED) a chuirtear ar fáil agus sainaithin earra riachtanach amháin agus earra sóchais amháin ón tábla thuas. Cosain an dá fhreagra agat. Earra riachtanach – Leictreachas <i>or</i> Núdail ar an toirt Cosaint – Is táirge riachtanach táirge a bhfuil gá ag tomhaltóirí leis agus a leanfaidh siad de bheith ag ceannach fiú nuair a athraíonn a n-ioncam. Tá luach YED leictreachais idir 0 agus 1, rud a léiríonn go bhfuil éileamh neamhleasteach ioncaim aige. Beidh athrú céatadáin ar ioncam ina chúis le hathrú céatadáin níos lú ar an éileamh sa treo céanna. Ciallaíonn YED de +0.1 go n-athróidh an t-éileamh ar leictreachas faoi 0.1% sa treo céanna le haghaidh gach athrú 1% ar ioncam. Má ardaíonn ioncam faoi 1%, méadóidh an t-éileamh faoi 0.1%. Má thiteann ioncam faoi 1%, laghdóidh an t-éileamh faoi 0.1%. Earra sóchais – Éadaí scothbhranda Cosaint – Is earra só táirge neamhriachtanach a cheannaíonn tomhaltóirí níos mó de nuair a mhéadaíonn a n-ioncam. Tá luach YED éadaí brandáilte préimhe os cionn 1, rud a léiríonn go bhfuil éileamh leasteach ioncaim aige. Beidh athrú céatadáin ar ioncam ina chúis le hathrú céatadáin níos mó ar an éileamh sa treo céanna. Ciallaíonn YED de +4.1 go n-athróidh an t-éileamh ar éadaí brandáilte préimhe faoi 4.1% sa treo céanna le gach athrú 1% ar ioncam. Má ardaíonn ioncam faoi 1%, méadóidh an t-éileamh faoi 4.1%. Má thiteann ioncam faoi 1%, laghdóidh an t-éileamh faoi 4.1%. (b) I mBuiséad 2025, d'fhógair an rialtas go gcaithfí €9m ar sparáin fóin do gach scoláire iar-bhunscoile sa tír. Féachtar ar sparáin fóin in iar-bhunscoileanna na tíre mar earraí luaíochta. Mínigh an tuiscint atá agat ar ar an ráiteas seo. Meastar gur earra fiúntais iad málaí gutháin i meánscoileanna mar go bhféadfadh daltaí a mbuntáistí pearsanta a mheas faoina luach, amhail feabhas ar fhócas / torthaí foghlama níos fearr agus mar sin d'fhéadfadh sé nach mbainfí úsáid mhaith astu / nach n-ídítear go leor iad. Cruthaíonn málaí seachtrachtaí dearfacha, toisc go dtéann timpeallacht foghlama níos dírithe chun tairbhe do mhic léinn, do mhúinteoirí agus don tsochaí i gcoitinne trí chabhrú le lucht saothair níos oilte agus níos táirgiúla a fhorbairt.		Táirge	Luach YED	1	Leictreachas tí	+ 0.1	2	Núdail ar an toirt	- 0.5	3	Éadaí scothbhranda	+ 4.1	6
	Táirge	Luach YED												
1	Leictreachas tí	+ 0.1												
2	Núdail ar an toirt	- 0.5												
3	Éadaí scothbhranda	+ 4.1												
		6												

8	(a)	Mínigh coincheap na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus tabhair breac-chuntas ar thionscnamh amháin a thug rialtas na hÉireann isteach le déanaí le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na tíre. Inbhuanaitheacht chomhshaoil: Tagraíonn inbhuanaitheacht chomhshaoil do bhainistíocht agus úsáid fhreagrach/eiticiúil acmhainní nádúrtha ar bhealach a chinntíonn a n-infhaighteacht agus a gcáilíocht do na glúnta atá le teacht. Tionscnamh rialtais le déanaí: • Dícharbónú leictreachais le fuinneamh gréine nó gaoithe. • An Clár Athchóirithe Baile chun astaíochtaí carbóin cónaithe a laghdú. • Infheistíocht i mbonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus fóirdheontais feithiclí leictreacha chun glacadh le feithiclí leictreacha a spreagadh. • An plean chun astaíochtaí talmhaíochta a laghdú faoin mbliain 2030. • Tabhairt isteach na Scéime um Thuairisciú Éarlaise sa bhliain 2024. • Ag méadú an ráta cánach carbóin go bliantúil. • Infheistíocht in iompar poiblí glas (busanna leictreacha/hibrideacha). • Tabhairt isteach an Chreat Pleanála Muirí chun gníomhaíochtaí mara a bhainistiú go hinbhuanaithe. • Deireadh a chur le baint móna de réir a chéile.	6
---	-----	---	---

	(b)	Taispeánadh i staidéar a rinneadh go mbíonn siopadóirí ag streachailt leis an difríocht a aithint idir earraí a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol i ndáiríre agus iad siúd a bhfuil snas glas curtha orthu. Arna chur in oiriúint ón Irish Independent (Bealtaine, 2024) (Is éard is Snas Glas ann ná beart/cleachtas margaíochta ina ndéanann roinnt cuideachtaí rudaí a mhaíomh go bréagach nó go háibhéalach chun go mbeidh cuma níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol orthu ná mar atá fíor fúthu i ndáiríre.) Mínigh dhá bhealach inar féidir cliseadh margaidh teacht de bharr cleachtas snas glas. Teip Faisnéise / Faisnéis Neamhshiméadrach – nuair a dhéanann cuideachtaí níochán glas, meallann siad tomhaltóirí trí ligean orthu go bhfuil a gcuid táirgí neamhdhíobhálach don chomhshaol. Ní féidir le tomhaltóirí roghanna lán-eolasacha a dhéanamh mar níl a fhios acu an fhírinne — ach tá a fhios ag an gcuideachta. Cruthaíonn sé seo bearna faisnéise agus cuireann sé cosc ar chinntí cruinne sa mhargadh. Mí-leithdháileadh acmhainní – cuireann an glasghlanadh daoine amú chun táirgí nach bhfuil neamhdhíobhálach don chomhshaol a cheannach agus tarraingíonn sé seo acmhainní ar shiúl ó tháirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i ndáiríre. Is é an toradh a bhíonn air seo ná ró-infheistíocht i dtáirgí míthreoracha agus tearc-infheistíocht i dtáirgí fíor-ghlasa agus úsáid neamhéifeachtach acmhainní mar thoradh air. Éifeachtúlacht laghdaithe sa mhargadh – cuireann an glasghlanadh isteach ar na comharthaí margaidh a sholáthraíonn praghsanna de ghnáth. Íocann tomhaltóirí praghsanna préimhe as a gcreideann siad gur táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol iad, ach is minic nach mbíonn buntáistí iarbhire comhshaoil ag baint leis na táirgí seo. Cuireann sé seo tomhaltóirí amú agus laghdaíonn sé éifeachtúlacht fhoriomlán an mhargaidh, toisc nach bhfuil praghsanna ag teacht le fíorluach táirge a thuilleadh. Seachtrachtaí diúltacha / Earraí míbhuntáisteacha folaithe – is minic a dhéanann táirgí glasghlanta níos mó dochair don chomhshaol ná mar a thuigeann tomhaltóirí, rud a fhágann ró-thomhaltas. D’fhéadfadh na táirgí seo éifeachtaí díobhálacha nach léirítear ina bpraghsanna a bheith mar thoradh orthu. Ní éiríonn leis an margadh coigeartú a dhéanamh do na tionchair dhiúltacha seo, rud a fhágann go gcuirtear acmhainní amú agus go ndéantar dochar don chomhshaol. Creimeann sé muinín tomhaltóirí / Cruthaíonn sé ‘margadh atá ar iarraidh’ – Nuair a nochtar an glasghlanadh, d’fhéadfadh sé nach mbeadh muinín ag tomhaltóirí as aon éileamh comhshaoil, fiú ó chuideachtaí fíorghlasa. D’fhéadfadh sé seo an t-éileamh ar tháirgí inbhuanaithe a laghdú, rud a chruthaíonn margadh in easnamh agus a eascraíonn i dteip mhargaidh.	2 @ 3
--	------------	--	--------------

9

Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá ag feidhmiú i margadh **olagaplach**.



- (a) Scríobh amach go hiomlán céard dó a seasann na míreanna a bhfuil na huimhreacha 1-3 orthu sa léaráid thuas. **Ná húsáid giorrúcháin.**

6

1. **Costas imeallach**
2. **Meánioncam = Éileamh**
3. **Ioncam imeallach**


- (b) Maidir leis an léaráid thuas, mínigh an cruth atá ar an gcuar a bhfuil lipéad 2 air.

6

Roimh an bhearna – má mhéadaíonn gnólacht a phraghas, ní leanfaidh gnólachtaí iomaíocha trína bpragsanna a ardú. Ansin, aistreoidh custaiméirí chuig iomaitheoirí, a choinníonn a gcuid praghsanna gan athrú. Mar thoradh air sin, laghdóidh an chainníocht a éilítear faoi chéatadán níos mó ná an méadú praghais / caillfidh an gnólacht a lán tomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá an chuid seo den chuar éilimh réasúnta leaisteach ó thaobh praghsanna de.

Tar éis an bhearna – má laghdaíonn gnólacht a phraghas, déanfaidh gnólachtaí iomaíocha an laghdú praghais a mheaitseáil chun cailliúint a gcustaiméirí a sheachaint. Ós rud é go bhfuil na gnólachtaí uile ag íslíú praghsanna le chéile, ní bhfaighidh an gnólacht mórán custaiméirí nua. Ciallaíonn sé seo go méadóidh an chainníocht a éilítear faoi chéatadán níos lú ná an laghdú praghais. Dá bhrí sin, tá an chuid seo den chuar éilimh réasúnta neamhleaisteach ó thaobh praghsanna de.

Sa léaráid thíos léirítear tréimhsí éagsúla i dtimthriall eacnamaíochta na hÉireann ón mbliain 2000.



(a) Sainaithin ón léaráid thuas cé acu rogha a seasann A nó B di:

- Borradh eacnamaíochta
- Cúlú eacnamaíochta

Tabhair údar do do rogha i ngach cás.

Borradh eacnamaíochta **A**

Cúlú eacnamaíochta **B**

Fírinniú borradh eacnamaíoch:

Sa tréimhse seo, suas go dtí an bhliain 2008, bhí aithne ar gheilleagar na hÉireann mar an Tíogar Ceilteach.

Ba thréimhse fáis eacnamaíoch thapa í, á tiomáint ag infheistíocht eachtrach, caiteachas láidir tomhaltóirí, agus margadh maoine a bhí ag borradh.

Léiríonn an t-ardú seasta ar OTI fíor ar an ngraf feidhmíocht láidir eacnamaíoch na hÉireann roimh an ngéarchéim airgeadais (thar roinnt ráithe as a chéile).

Údar don Chúlú Eacnamaíochta:

Tar éis ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008, tharla cúlú tromchúiseach eacnamaíoch in Éirinn, rud a d'eascair géarchéim bhaincéireachta thromchúiseach, dífhostaíocht ag méadú, agus meath géar ar aschur eacnamaíoch / OTI. Léiríonn an pointe is ísle sa bhliain 2011 doimhneacht an chúlaithe eacnamaíochta in Éirinn, nuair a b'éigean don tír tarrtháil a lorg ón triúracht chun an geilleagar a chobhsú (ar feadh dhá ráithe as a chéile nó níos mó).

2 @ 3

	(b) Tabhair breac-chuntas ar thoisc eacnamaíochta amháin ar tharla athrú in aschur eacnamaíochta na hÉireann dá bharr le linn na mblianta idir 2008 agus 2011. Géarchéim airgeadais dhomhanda – ba phríomhfhachtóir i meath eacnamaíoch na hÉireann í géarchéim airgeadais dhomhanda 2008. Chuir sé tús le cúlú domhanda tromchúiseach, rud a d'fhág go raibh meath géar ar mhuinín tomhaltóirí, titim sa trádáil idirnáisiúnta, agus titim shuntasach ar infheistíocht eachtrach. Mar gheilleagar beag, oscailte, bhí Éire thar a bheith leochaileach, agus mar thoradh air sin, tharla crapadh mór ar an aschur eacnamaíoch. Titim mhargadh maoine na hÉireann – bhí tionchar eacnamaíoch láithreach agus tubaisteach ag pléascadh boilgeog maoine na hÉireann sa bhliain 2007. Thit praghsanna maoine go mór, rud a d'fhág go raibh laghdú géar ar ghníomhaíocht tógála. Laghdaigh an tubaiste seo infheistíocht intíre go suntasach, ba chúis le cailliúint post forleathan, agus lagaigh sé an t-aschur eacnamaíoch tuilleadh. Borradh sa dífhostaíocht – de réir mar a bhuail an ghéarchéim airgeadais, b'éigean do ghnólachtaí dúnadh nó foireann a chur as oifig, go háirithe san earnáil tógála, sa mhiondíol agus sna seirbhísí. Chiallaigh an t-ardú tapa ar dhífhostaíocht go raibh ioncam indiúscartha níos ísle ag saoránaigh. Mar thoradh air seo, thit caiteachas tomhaltóirí go géar, rud a lagaigh an t-éileamh ar earraí agus seirbhísí, agus a d'eascair meath suntasach ar aschur eacnamaíoch (OTI). Géarchéim fiachais cheannasaigh – chun maoiniú a dhéanamh ar tharrtháil na mbanc agus ar shochair dhífhostaíochta a bhí ag ardú, b'éigean do rialtas na hÉireann iasachtaí móra a fháil, rud a mhéadaigh an fiachas náisiúnta. Chaill infheisteoirí muinín i ngeilleagar na hÉireann, rud a d'fhág go n-ardaigh costais iasachta. Chuir sé seo iallach ar an rialtas caiteachas a ghearradh in ionad infheistíocht a dhéanamh i bhfás. Mar thoradh air seo, tháinig laghdú breise ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar mhuinín gnó, rud a d'fhág gur thit OTI. Eisimirce / Imirce amach – le caillteanais post ag méadú agus geilleagar an-lag, d'fhág oibrithe óga oilte Éire i líon mór. Chiallaigh sé seo go raibh níos lú saoránach ar fáil chun cur le gníomhaíocht eacnamaíoch, go háirithe i dtionscail intíre. Laghdaigh an lucht saothair ag crapadh an t-éileamh ar thithíocht, ar earraí tomhaltóra agus ar sheirbhísí freisin, rud a laghdaigh OTI tuilleadh. Géarchéim bhaincéireachta agus tarrtháil – bhí baint na hÉireann nochta go mór do thitim an mhargaidh maoine, rud a d'fhág géarchéim bhaincéireachta tromchúiseach. Sa bhliain 2008, d'eisigh rialtas na hÉireann ráthaíocht bhainc uileghabhálach chun tacú le baint a bhí i gcruachás. Faoi mbliain 2010, b'éigean d'Éirinn tarrtháil €85 billiún a lorg ón Triúracht (AE, BCE, CAI). Mar thoradh ar an ngéarchéim, bhí fadhbanna leachtachta, fiachas poiblí ag ardú, agus bearta déine, agus chuir siad seo go léir laghdú breise ar an aschur eacnamaíoch. Buiséid dhéine – mar chuid den chomhaontú tarrthála, b'éigean d'Éirinn caiteachas an rialtais a ghearradh agus cánacha a ardú. Chuir sé seo srian ar a ghníomhaíocht eacnamaíoch. Cé gur dhírigh na beartais eacnamaíocha crapadh/pró-thimthriallacha seo ar an easnamh mór buiséid a laghdú, laghdaigh siad an t-éileamh intíre agus caiteachas tomhaltóirí, rud a chuir leis an gcúlú eacnamaíochta.	6
--	--	-----------------

Ceist 11


Freagraí Féideartha

Uas.
Marc

(a)

22

Taispeántar sa chart thíos na sciarta den mhargadh atá ag cuideachtaí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn.



Arna chur in oiriúint ó hia.ie

- (i) Úsáid na sonraí atá curtha ar fáil thuas agus ríomh Innéacs Herfindahl Hirschman (HHI) le fáil amach cé acu atá an margadh iomaíoch nó comhchruinnithe go dlúth. Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun do fhreagra a chur in iúl agus cosain do fhreagra.

Taispeáin do chuid oibre ar fad.

8

Iomaíoch		Comhchruinnithe go dlúth	✓
----------	--	--------------------------	---

Do chuid oibre:

Múnla IHH:

49%	49^2	=	2,401
28%	28^2	=	784
20%	20^2	=	400
3%	3^2	=	9

$2,401 + 784 + 400 + 9 = 3,594$

Cosain:

De réir an Choimisiúin Eorpaigh agus Roinn Dlí agus Cirt na Stát Aontaithe, Léiríonn Innéacs Herfindahl-Hirschman (IHH) níos mó ná 2,500 margadh an-chomhchruinnithe. Tá trí phríomhghnólacht i gceannas ar an tionscal seo, agus is ionann iad agus 97% den mhargadh.

	Soláthraí nua árachais sláinte, Level Health, le teacht isteach i margadh na hÉireann an tseachtain seo. Irish Independent, Mí na Samhna 2024	
(ii)	Agus an gnólacht nua seo ag teacht isteach i margadh árachais sláinte na hÉireann, tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar ghnólachtaí atá sa thionscal cheana féin. Iomaíocht mhéadaithe agus praghsanna níos ísle – d'fhéadfadh teacht Level Health a bheith ina chúis le hárachóirí reatha préimheanna a ísliú le fanacht tarraingteach do chustaiméirí. D'fhéadfadh tomhaltóirí leas a bhaint as praghsáil níos iomaíche agus luach níos fearr ar airgead. Seirbhísí agus nuálaíocht fheabhsaithe – chun iad féin a idirdhealú, féadfaidh árachóirí atá ann cheana seirbhís níos fearr do chustaiméirí, clúdach níos cuimsithí, nó polasaithe nuálacha a thabhairt isteach. M.sh. D'fhéadfadh seirbhísí sláinte digiteacha nó pleananna árachais níos pearsantaithe a bheith níos coitianta. Athdháileadh sciar den mhargadh – d'fhéadfadh roinnt gnólachtaí atá ann cheana custaiméirí a chailleadh do Level Health, go háirithe má thairgeann an t-iontrálaí nua margaí níos fearr nó má dhíríonn sé ar chodanna sonracha den mhargadh, m.sh. custaiméirí níos óige, teaghlaigh, nó gnólachtaí). D'fhéadfadh árachóirí a bhfuil dílseacht branda níos laige acu a bheith i mbaol is mó. Brú ar chorrailigh bhrabúis – d'fhéadfadh méadú ar iomaíocht brabúsacht árachóirí seanbhunaithe a laghdú. B'fhéidir go mbeadh orthu costais a ghearradh, oibríochtaí a shruthlíniú, nó éifeachtúlachtaí a lorg chun a mbrabúsacht agus a n-iomaíochas a choinneáil. Freagraí rialála agus margaidh – féadfaidh rialtóir mhargaidh an árachais sláinte / an tÚdarás Árachais Sláinte (ÚÁS) monatóireacht a dhéanamh ar phraghsáil agus ar iomaíocht chun cleachtais mhargaidh chóire a chinntiú. Féadfaidh gnólachtaí seanbhunaithe brústocaireacht a dhéanamh ar athruithe rialála nó dreasachtaí chun a seasamh sa mhargadh a choinneáil, m.sh. ceanglais cheadúnaithe nó caipitil níos déine do rannpháirtithe nua. Acmhainneacht cumasc nó scoir – má théann an iomaíocht i ndéine go suntasach, féadfaidh árachóirí níos lú nó nach bhfuil chomh iomaíoch cumasc le gnólachtaí níos mó nó imeacht ón margadh ar fad. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le héagobhsaíocht ghearrthéarmach / tionscal níos láidre san fhadtréimhse. Rogha mhéadaithe do thomhaltóirí / Leathnú Margaidh – d'fhéadfadh níos mó roghanna do thomhaltóirí a chiallaíonn go bhféadfadh gnólachtaí atá ann cheana custaiméirí a chailleadh chuig Level Health. Mar sin féin, má dhíríonn Level Health ar ghrúpaí nach raibh árachas nó tearcárachas orthu roimhe seo, féadfaidh sé an margadh foriomlán a leathnú, agus d'fhéadfadh sé leas a bhaint as gach gnólacht san fhadtréimhse. Féidearthacht go mbeidh cogadh praghsanna / éagobhsaíocht ghearrthéarmach ann – má dhéanann Level Health praghsanna a laghdú go mór, d'fhéadfadh cogadh praghsanna teacht chun cinn, rud a mbeadh brabúis níos ísle mar thoradh air ar fud an tionscail. Sa ghearrthearma, d'fhéadfadh sé seo éagobhsaíocht mhargaidh a chruthú, áit a mbíonn gnólachtaí níos laige ag streachailt le maireachtáil. Tionchar ar an margadh saothair – d'fhéadfadh caillteanais post a bheith mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe i ngnólachtaí atá ann cheana féin má fhreagraíonn siad trí chostais a ghearradh nó athstruchtúrú a dhéanamh. Os a choinne sin, d'fhéadfadh méadú ar an iomaíocht go gcruthófaí poist nua i margáíocht agus i seirbhís do chustaiméirí ag gnólachtaí atá ann cheana féin.	2 @ 7


(b)

(i)

Tugann paitinn an ceart aonair do chuideachta cógaisíochta druga nua a tháirgeadh agus a dhíol.

33

Mínigh, le cúnamh léaráide lánlipéadaithe (aiseanna san áireamh), an staid chothromaíochta fhadtréimhseach ag gnólacht atá ag feidhmiú i margadh **monaplachta**.



P	C	II	É = IM	CI	CM	E	Q ₁	P ₁	C ₁	SNPanna
---	---	----	--------	----	----	---	----------------	----------------	----------------	---------

12

Míniú:

9

- Tá an chothromaíocht ag pointe E áit a bhfuil $CI = II$ (agus CI ag ardú).
- Táirgeann an comhlacht Q_1 .
- Díolann sé a aschur ag P_1 .
- Tá na costais ag leibhéal C_1 (pointe Y).
- Tuilleann an chuideachta brabúis osnádúrtha (SNPanna) toisc go bhfuil an IM níos mó ná an CM.
- Tá an comhlacht neamhéifeachtach / cuireann sé acmhainní amú mar nach bhfuil na costais ag an bpointe íosta den chuar CM (W).

	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar bhacainn amháin roimh iontráil a fhaightear go minic i margaí monaplachta, seachas paitinn. Monaplachtaí reachtaithe ag an rialtas – féadfaidh an Rialtas an ceart aonair a dheonú do chuideachta earra a tháirgeadh nó seirbhís a sholáthar, m.sh. tá monaplacht rialtais ag An Post ar sheirbhísí poist uilíocha, lena n-áirítear seachadadh litreacha in Éirinn. Is é an t-aon soláthraí é, atá ceangailte de réir dlí, chun post a sheachadadh ar fud na tíre, fiú i gceantair iargúlta. Comhcheilg agus comhaontuithe trádála – féadfaidh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile, is é sin, comhcheilg a dhéanamh leo ionas nach féidir le haon ghnólacht eile an táirge nó an tseirbhís a sholáthar sa mhargadh. M.sh. Gearradh fíneáil €2.93 billiún ag an gCoimisiún Eorpach ar Daimler, Volvo/Renault, Iveco, DAF, agus MAN sa bhliain 2016 as comhcheilg a dhéanamh i gcairtéal socraithe praghsanna chun cosc a chur ar mhonaróirí trucaíl nua dul isteach sa mhargadh Eorpach. Úinéireacht eisiach ar amhábhair – féadfaidh cuideachta an ceart aonair a fháil ar na hamhábhair atá ar fáil agus dá bhrí sin monaplacht a fháil sa tionscal sin. M.sh. Is le Coillte, an comhlacht foraoiseachta atá faoi úinéireacht an stáit, formhór mór fhoraoisí na hÉireann agus is iad a bhainistíonn iad. Tugann sé seo smacht suntasach dó ar sholáthar adhmaid. Riachtanais arda caipitil / Geilleagair scála – i gcás roinnt tionscal, bíonn an caipiteal atá ag teastáil chun bunú sa tionscal sin chomh mór sin nach féidir ach leis an gcuideachta atá in ann an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh. M.sh. Bhí formhór mhargadh leictreachais na hÉireann ag BSL (Bord Soláthair an Leictreachais) ar feadh na mblianta mar gheall ar na costais ollmhóra bonneagair a bhí ag teastáil chun cumhacht a ghiniúint agus a dháileadh. Cumaisc agus éadálacha – trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach amach, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin. M.sh. sa bhliain 2014, bunaíodh Uisce Éireann trí sheirbhísí uisce na n-údarás áitiúil a chumasc in aon fhóntas náisiúnta amháin. Chruthaigh an t-aistriú monaplacht faoi rialú an stáit maidir le soláthar uisce poiblí agus cóireáil fuíolluisce in Éirinn. Imeagló agus cleachtais éagóracha — féadfaidh duine aonair nó grúpa daoine aonair, trí eagla, forneart nó bagairtí, stop a chur le daoine aonair eile a bheith in iomaíocht leis an soláthraí. M.sh. soláthar drugaí mídhleathacha.	4
--	------	--	---

	(iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta amháin do thomhaltóirí má bhíonn cumhacht monaplachta ag cuideachta cógaisíochta. Buntáiste Eacnamaíochta do Thomhaltóirí: Nuálaíocht agus Taighde & Forbairt (T&F) — féadfaidh gnólachtaí cógaisíochta a bhfuil monaplacht acu infheistíocht mhór a dhéanamh in T&F mar gheall ar an mbrabús ard a thuilleann siad. D'fhéadfadh forbairt cógas leighis nua agus feabhsaithe a bheith mar thoradh air sin a rachadh chun tairbhe do thomhaltóirí M.sh. D'infheistigh Pfizer go mór i bhforbairt vacsaíní COVID-19, rud a d'fhág go raibh nuálaíochtaí tarrthála ann. Soláthar ráthaithe drugaí riachtanacha – d'fhéadfadh gnólacht monaplachta soláthar comhsheasmhach cógas criticiúil a áirithiú a bhféadfadh sé go mbeadh sé deacair ar iomaitheoirí beaga iad a sholáthar. Cáilíocht agus sábháilteacht chaighdeánaithe - is minic a dhéantar rialáil mhór ar mhonaplachtaí móra cógaisíochta agus ní mór dóibh dianchaighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé seo leibhéal muiníne a thabhairt do thomhaltóirí as an gcógas a úsáideann siad, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA). Acmhainneacht le haghaidh barainneachtaí scála – d'fhéadfadh táirgeadh ar mhórsála an costas a bhaineann le monarú drugaí a laghdú. D'fhéadfadh praghsanna níos ísle do thomhaltóirí a bheith mar thoradh air sin san fhadtearma. Iontaobhas / clú branda – d'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith níos compordaí ag úsáid drugaí ó ghnólacht monaplachta aitheanta seachas ó iomaitheoir anaithnid nó níos lú. Míbhuntáiste Eacnamaíochta do Thomhaltóirí: Praghsanna níos airde – tá cumhacht pragsála ag gnólachtaí monaplachta. Cuireann sé sin ar a gcumas praghsanna i bhfad níos airde a ghearradh ar chógais riachtanacha, ós rud é nach bhfuil mórán iomaíochta ann. Rogha teoranta do thomhaltóirí – d'fhéadfadh níos lú roghanna eile a bheith ag tomhaltóirí le roghnú astu, go háirithe má tá cearta eisiacha ag an ngnólacht monaplachta ar dhrua ar leith. D'fhéadfadh sé seo rochtain ar roghanna cóireála malartacha a theorannú. Acmhainneacht maidir le saothrú – d'fhéadfadh gnólacht monaplachta moill a chur ar tháirgeadh drugaí cineálacha nó stocaireacht a dhéanamh i gcoinne roghanna malartacha ar chostas níos ísle. Tá tús áite á thabhairt do bhrabúis thar shláinte an phobail leis seo. Dreasacht laghdaithe chun drugaí/cógais a fheabhsú – gan iomaíocht, bíonn níos lú brú ann chun éifeachtacht drugaí a fheabhsú nó fo-iarsmaí a laghdú. D'fhéadfadh sé seo bac a chur ar dhul chun cinn leighis. Riosca cur isteach ar an slabhra soláthair – má bhíonn fadhbanna táirgthe ag gnólacht monaplachta, d'fhéadfadh ganntanais a bheith ag tomhaltóirí mar gheall ar easpa soláthraithe malartacha. M.sh. Le déanaí, tá ganntanas ar Ozempic, druga diaibíteas arna dhéanamh ag Novo Nordisk, i go leor tíortha mar gheall ar an éileamh ard domhanda agus an cumas táirgthe teoranta.	4 4
--	---	-------------------

(c) 20		Tá níos mó ná an trí cheathrú cuid den tuairim is 2,500 clinic dochtúra teaghlaigh / dochtúra in Éirinn tar éis a gcuid liostaí a dhúnadh d'othair nua agus tá os cionn 700 dochtúir teaghlaigh le dul ar scor sna gcúig bliana atá romhainn. Arna chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ	
	(i)	Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an méid thuas ar othair reatha / féideartha. Amanna feithimh níos faide – le níos lú dochtúirí teaghlaigh ar fáil, seans go mbeadh ar othair fanacht níos faide le haghaidh coinní, rud a fhágann moilleanna ar chúram leighis a fháil. Clinic dochtúra teaghlaigh róphlódaithe – d'fhéadfadh dochtúirí teaghlaigh atá ann cheana éirí ró-oibrithe, rud a d'fhágadh go mbeadh sé níos deacra dóibh dóthain ama agus aird a thabhairt do gach othar. Brú méadaithe ar ospidéal – d'fhéadfadh níos mó daoine dul chuig ranna éigeandála ospidéal le haghaidh mionbhreiteachtaí toisc nach féidir leo cuairt a thabhairt ar dhochtúir teaghlaigh. Costais níos airde le haghaidh cúram príobháideach – d'fhéadfadh sé go mbeadh ar othair nach bhfuil in ann coinne le dochtúir teaghlaigh a fháil íoc as cúram sláinte príobháideach, rud a fhágann go bhfuil cúram leighis níos costasaí do roinnt daoine. Rioscaí sláinte mar gheall ar chúram moillithe – mura féidir le daoine dul chuig dochtúir teaghlaigh nuair is gá, d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí diagnóis ar ghalair nó nach ndéantar cóireáil orthu ar feadh tréimhse níos faide, rud a fhágann fadhbanna sláinte níos tromchúisí. Neamhionannas sláinte méadaithe – bíonn tionchar díréireach ag ganntanais dochtúirí teaghlaigh ar cheantair thuaithe agus ar phobail ar ioncam íseal, áit a bhfuil rochtain ar chúram sláinte teoranta cheana féin. D'fhéadfadh sé seo neamhionannas sláinte a leathnú.	2 @ 4
	(ii)	Mol beart eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun dul i ngleic leis an nganntanas reatha dochtúirí teaghlaigh. Maoiniú a mhéadú le haghaidh oiliúint agus earcaíocht dochtúra teaghlaigh – áiteanna scoile leighis a leathnú agus níos mó scoláireachtaí nó deontas a thairiscint go sonrach le haghaidh oiliúint dochtúra teaghlaigh. Dreasachtaí airgeadais a chur ar fáil, amhail maithiúnas iasachtaí do mhic léinn, do dhochtúirí teaghlaigh a gheallann go n-oibreoidh siad i réimsí nach ndéantar freastal ceart orthu. Coinnigh dochtúirí teaghlaigh trí dhálaí oibre a fheabhsú – laghdaigh ualaí riaracháin trí mhaoiniú a chur ar fáil do bhaill foirne rúnaíochta nó infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar sláinte digiteach. Dá laghdófaí an páipéarachas, bheadh dochtúirí teaghlaigh in ann díriú níos mó ar chúram othar, rud a laghdódh tnáitheadh agus a mhéadódh sástacht poist. Dochtúirí teaghlaigh a bhfuil oiliúint eachtrach orthu a mhealladh trí bheartas inimirce spriocdhírithe – dlús a chur le clár vósaí le haghaidh dochtúirí teaghlaigh cáilithe agus aitheantas cáilíochtaí leighis eachtracha a chuíchóiriú. Dreasachtaí a chur ar fáil amhail cúnamh athlonnaithe agus tuarastail iomaíocha chun dochtúirí teaghlaigh a bhfuil oiliúint eachtrach orthu a spreagadh chun oibriú in Éirinn. Dochtúirí teaghlaigh a spreagadh chun oibriú i gceantair thuaithe – dreasachtaí bunaithe ar shuíomh a thabhairt isteach amhail tuarastail níos airde nó liúntais tithíochta do dhochtúirí teaghlaigh i gceantair thuaithe. Seirbhísí teileleighis a leathnú chun tacú le dochtúirí teaghlaigh atá ag obair in áiteanna iargúlta.	4

		Athchóiriú a dhéanamh ar chonarthaí agus ar uaireanta oibre dochtúra teaghlaigh – conarthaí dochtúra teaghlaigh a choigeartú chun cothromaíocht oibre/saoil níos fearr a sholáthar, rud a d'fhéadfadh an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí. Roghanna oibre páirtaimseartha nó solúbtha a thairiscint chun dochtúirí le níos mó taithí a choinneáil. Ról na n-altraí/cógaiseoirí a leathnú – d'fhéadfadh an rialtas ról na n-altraí/cógaiseoirí a leathnú chun déileáil le cásanna gnáthaimh níos mó. Tabharfaidh sé seo deis do dhochtúirí teaghlaigh díriú isteach ar riachtanais othar níos casta. Athchóiriú a dhéanamh ar chonairí iontrála/oiliúna scoileanna leighis – an spleáchas ar phointí arda CAO le haghaidh iontrála i gcúrsaí leighis a laghdú agus níos mó bealaí iontrála iarchéime a thabhairt isteach chun raon éagsúil mac léinn a mhealladh. Méadaigh líon na n-áiteanna oiliúna iarchéime do dhochtúirí teaghlaigh agus cinntigh go ndéanfaí dul chun cinn níos tapúla ó cháilíocht go cleachtadh. Aghaidh a thabhairt ar chostais agus ar fhorchostais chleachtais dochtúra teaghlaigh – tacaíocht airgeadais a sholáthar chun cleachtais nua dochtúra teaghlaigh a bhunú, go háirithe i gceantair ina bhfuil ganntanas. Laghdaigh costais árachais agus riaracháin, ionas go mbeidh sé níos inmharthana ó thaobh airgeadais de fanacht i mbun gnó Feasacht phoiblí a chur chun cinn maidir le deiseanna gairme mar dhochtúir teaghlaigh – níos mó mac léinn a spreagadh chun tabhairt faoi ghairm mar dhochtúir teaghlaigh trí chlár scoile spriocdhírthe, m.sh. cainteanna ó dhochtúirí teaghlaigh áitiúla, taithí oibre i gclinic dochtúra teaghlaigh srl. Feasacht a mhúscailt maidir le gairm mar dhochtúir teaghlaigh mar rogha thairbheach trí bhéim a leagan ar an ról ríthábhachtach atá aici i gcúram othar, leanúnachas cóireála, agus sláinte an phobail. Is léiriú é córas sláinte na hÉireann ar an ngeilleagar measctha níos leithne atá in Éirinn. (iii) Mínigh cad atá i gceist leis an téarma geilleagar measctha agus tabhair breacchuntas ar shampla eile a thaispeánann gur geilleagar measctha atá in Éirinn. Geilleagar measctha: Is córas eacnamaíoch é geilleagar measctha a chomhcheanglaíonn gnéithe den phleanáil lárnach (rannpháirtíocht an rialtais) agus den fhiontraíocht phríobháideach araon. Bíonn tionchar ag fórsaí an mhargaidh (soláthar agus éileamh) chomh maith le hidirghabháil rialtais (rialacháin / seirbhísí poiblí / cánacha / fóirdheontais srl.) ar leithdháileadh acmhainní. Cé go dtáirgeann gnólachtaí príobháideacha formhór na n-earraí agus na seirbhísí, tá ról suntasach ag an rialtas in earnálacha riachtanacha. Aon sampla ábhartha: Oideachas – Tá scoileanna poiblí agus príobháideacha araon i gcóras scoile na hÉireann. Tá formhór na scoileanna maoinithe go poiblí ag an Stát. Tá líon beag scoileanna maoinithe go príobháideach, rud a chiallaíonn go n-íocann tuismitheoirí na táillí iomlána. Iompar – Tá cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit agus cuideachtaí príobháideacha araon in earnáil iompair na hÉireann. Is leis an stát é Bus Átha Cliath agus is é a oibríonn seirbhísí iompair phoiblí. Is cuideachta phríobháideach í Go-Ahead Ireland a reáchtálann bealaí bus i mBaile Átha Cliath faoi chonradh freisin. Fuinneamh – tá gnólachtaí príobháideacha agus cuideachta leathstáit araon san earnáil fuinnimh in Éirinn. Is leis an stát é Bord Soláthair Leictreachais (BSL) agus tá a bhrainse miondíola, Electric Ireland, san iomaíocht le soláthraithe fuinnimh príobháideacha ar nós SSE Airtricity, Bord Gáis Energy, Energia srl. Rialachán an Stáit – ceapann an rialtas Rialtóirí agus Ombudóirí do thionscail phríobháideacha chun cabhrú le tomhaltóirí a chosaint.	8
--	--	---	-----------------

Ceist 12


Freagraí Féideartha

Uas.
Marc

(a)

26

Sa chairt thíos, taispeántar fiachas ginearálta rialtas na hÉireann mar chéatadán d'Ollioncam Náisiúnta Modhnaithe (ONM*) agus d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann do na blianta ó 2021 go 2025. (Figiúirí do 2024 agus do 2025 tuartha).



(i) **Úsáid sonraí ón gcairt** agus tabhair breac-chuntas ar an treocht fhoriomlán i bhfiachas ginearálta rialtas na hÉireann mar a thaispeántar í sa léaráid thuas.

6

Cuir tic sa bhosca cuí le cur in iúl cé acu treocht fhoriomlán ar a bhfuil tú ag trácht.

Fiachas rialtais mar % den ONM*:

Tá **treocht anuas** i bhfiachas an rialtais mar chéatadán den ONM*

- Sa bhliain 2021, b'ionann é agus 101%.
- Thit sé go 82% sa bhliain 2022.
- Lean sé ag titim go 76% sa bhliain 2023.
- Léiríonn réamhaisnéisí don bhliain 2024 (72%) agus 2025 (70%) laghdú breise.
- Titeann sé 31 pointe céatadán thar chúrsa na cairte.

Fiachas rialtais mar % den OTI:

Tá treocht shoiléir i bhfiachas an rialtais mar chéatadán den OTI.

- Sa bhliain 2021, b'ionann é agus 54%.
- Thit sé go 44% sa bhliain 2022 agus d'fhan sé ag 44% sa bhliain 2023.
- De réir réamhaisnéisí, beidh laghdú beag ann go 42% sa bhliain 2024 agus 39% sa bhliain 2025.
- Titeann sé 15 pointe céatadán thar chúrsa na cairte.

Anuas + Tagairt do dhá fhigiúr ar leith **nó** laghdú céatadán foriomlán

	(ii) I gcás gach ceann acu seo thíos, tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin a bhaineann le hÉirinn a bheith ag laghdú leibhéal a fiachais ghinearálta: • Cáiníocóirí in Éirinn • Rialtas na hÉireann. Cáiníocóirí in Éirinn: Feabhsú ar ioncaim indiúscartha / ar chaighdeán maireachtála – laghdaíonn fiachas náisiúnta níos ísle an gá le harduithe cánach. Mar thoradh air sin, bíonn ioncam indiúscartha níos airde ag saoránaigh, rud a fheabhsaíonn a gcaighdeán maireachtála. Muinín fheabhsaithe sa gheilleagar – le staid airgeadais níos cobhsaí, mothaíonn tomhaltóirí agus gnólachtaí níos sábháilte. D’fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le méadú ar chaiteachas agus ar infheistíocht. Fás eacnamaíoch / Borradh faoin sreabhadh ciorclach ioncaim – ciallaíonn níos lú airgid ag fágáil na tíre le haghaidh aisíocaíochtaí fiachais go bhfanfaidh níos mó laistigh d’Éirinn. Cuireann sé seo borradh faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch intíre. Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí poiblí/bonneagar – ciallaíonn fiachas ginearálta rialtais níos ísle rochtain níos fearr ar sheirbhísí riachtanacha amhail cúram sláinte, oideachas, tithíocht srl. Slándáil pinsin/chosanta sóisialaí níos fearr – bíonn rialtas a bhfuil fiachas níos ísle aige níos sláine ó thaobh airgeadais de. D’fhéadfadh sé seo an dóchúlacht go ndéanfar ciorruithe amach anseo ar phinsin, ar shochair leasa shóisialaigh agus ar thacaí do ghrúpaí leochaileacha a laghdú. Rialtas na hÉireann: Aisíocaíochtaí úis bliantúla níos ísle – ciallaíonn fiachas náisiúnta atá ag laghdú go gcaitheann an rialtas níos lú ar íocaíochtaí úis gach bliain. Níos mó cistí ar fáil do sheirbhísí poiblí – le níos lú airgid á chaitheamh le haghaidh aisíocaíochtaí fiachais, tá níos mó ag an rialtas le hinfheistiú i gcúram sláinte, oideachas, bonneagar srl. Rátáil chreidmheasa idirnáisiúnta feabhsaithe – léiríonn leibhéal fiachais níos ísle cobhsaíocht airgeadais, rud a fheabhsaíonn rátáil chreidmheasa na hÉireann agus a fhágann go bhfuil iasachtaí sa todhchaí níos saoire. Solúbthacht buiséid níos mó – tá níos mó saoirse airgeadais / athléimneachta ag an rialtas chun freagairt do dhúshláin eacnamaíocha / tionscnaimh nua a mhaoiniú / cánacha a laghdú nuair is féidir. Seasamh feabhsaithe i margaí an AE / idirnáisiúnta – feabhsaíonn seasamh fiachais níos ísle dea-cháil na hÉireann san AE / i margaí domhanda D’fhéadfadh sé seo muinín infheisteoirí a mhéadú agus níos mó infheistíochta dhíreach choigríche (IDC) a mhealladh.	7 7
--	--	-------------------

(iii) Cé acu ceann is beaichte a thomhaiseann ualach fiachais na hÉireann: fiachas mar chéatadán den ONM* nó fiachas mar chéatadán den OTI? Cuir tic () sa bhosca cuí chun do rogha a chur in iúl agus cosain do rogha.

Fiachas mar chéatadán den ONM*	☒
--------------------------------	-------------------------------------

Fiachas mar chéatadán den OTI	☐
-------------------------------	--------------------------

Cosaint :

- Is tomhas níos cruinne é ONM* (Ollioncam Náisiúnta Mionathraithe) ar fhíoracmhainn eacnamaíoch na hÉireann. Cuireann sé deireadh le saobhadh de bharr cuideachtaí ilnáisiúnta agus léiríonn sé an t-ioncam atá fós in Éirinn. Fágann sé sin go bhfuil sé níos cruinne tomhas a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil chun fiachas a aisíoc.
- Tá OTI na hÉireann teannta ag gníomhaíocht ilnáisiúnta, lena n-áirítear aistrithe maoine intleachtúla agus léasú aerárthaí. Fágann na gníomhaíochtaí sin go bhfuil an geilleagar níos mó ná mar atá sé i ndáiríre toisc gur minic a fhágann na brabúis a ghintear an tír. Mar thoradh air sin, déanann OTI rómheastachán ar chumas na hÉireann a fiachas a sheirbhísiú.
- Is é OTI an beart caighdeánach le haghaidh comparáidí idirnáisiúnta ag an AE / CAI / BCE, ach is minic a thagraíonn an rialtas do OIN* toisc go dtugann sé léargas níos soiléire ar staid airgeadais agus inbhuanaitheacht fiachais na tíre.
- Soláthraíonn an cóimheas fiachais/OIN* measúnú níos réadúla ar staid airgeadais na hÉireann. Sa chairt, tá an cóimheas fiachais/OIN* i bhfad níos airde ná an cóimheas fiachais/OTI. Léiríonn sé sin an méid d'aschur eacnamaíoch na hÉireann atá á spreagadh ag gníomhaíocht CIN seachas ag foinsí intíre.

6

	(ii) An cáin fhorchéimnitheach nó cáin chúlchéimnitheach é córas cánach breisluacha na hÉireann, dar leat? tic (✓) sa bhosca cuí chun do fhreagra a chur in iúl agus cosain do rogha. Cáin fhorchéimnitheach Cáin chúlchéimnitheach ✓ Cosain: Is éard is cáin chúlchéimnitheach ann cáin a thógann cion níos airde d'ioncam ó shaothraithe ar ioncam íseal ná ó shaothraithe ar ioncam ard. Ciallaíonn sé sin, de réir mar a mhéadaíonn ioncam, go laghdaíonn an cion den ioncam a íoctar i gcáin. Sampla de cháin chúlchéimnitheach is ea Cáin Bhreisluacha (CBL) toisc go n-íocann gach duine, beag beann ar ioncam, an ráta cánach céanna (ráta comhréidh) ar earraí agus ar sheirbhísí áirithe. Mar thoradh air sin, íocann saothraithe ar ioncam níos ísle céatadán níos mó dá n-ioncam ar CBL i gcomparáid le saothraithe ar ioncam níos airde. (iii) Tá roinnt polaiteoirí ag plé ráta níos airde cánach ioncaim a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i gcás daoine a thuilleann os cionn €100,000 in aghaidh na bliana. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas gur chóir go n-íocfadh daoine a thuilleann os cionn €100,000 in aghaidh na bliana ráta níos airde cánach ioncaim? Cuir tic () sa bhosca cuí chun do rogha a chur in iúl agus cosain do rogha. AONTAÍM: Cánachas forchéimnitheach –Úsáideann Éire córas cánach forchéimnitheach cheana féin, rud a chiallaíonn go gcuireann saothraithe níos airde níos mó leis. Dá dtabharfaí isteach ráta níos airde d'ioncaim os cionn €100,000, chinnteofaí go dtabharfadh na daoine sin atá in acmhainn níos mó a íoc sciar níos cothroime. Níos lú spleáchais ar chánacha indíreacha / cúlchéimnitheacha– braitheann Éire go mór ar chánacha indíreacha amhail CBL, a mbíonn tionchar díréireach acu ar shaothraithe ar ioncam níos ísle. Trí cháin ioncaim ar shaothraithe arda a mhéadú, d'fhéadfadh an rialtas an gá atá le CBL níos airde nó rátaí cánach indíreacha eile a laghdú, rud a d'fhágfadh go mbeadh an córas cánach níos cothroime do chách. Neamhionannas ioncaim a laghdú–d'fhéadfadh ráta cánach ioncaim níos airde ar shaothraithe arda cuidiú le neamhionannas ioncaim a laghdú tríd an mbearna idir daoine saibhre agus daoine bochta a laghdú trí athdháileadh méadaithe rachmais. Airgeadas poiblí níos inbhuanaithe –chuirfeadh ioncam méadaithe ó cháin ioncaim ó lucht ardioncaim níos mó cistí ar fáil don rialtas chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, i gcosaint shóisialta agus i seirbhísí poiblí gan níos mó a fháil ar iasacht / gan ualach cánach níos mó a chur ar lucht ísealioncaim. Comparáidí idirnáisiúnta –tá rátaí cánach ioncaim níos airde ag roinnt tíortha Eorpacha eile ná mar atá ag Éirinn. M.sh. Tá an ráta is airde de bheagnach 56 % ag an Danmhairg, rud a chabhraíonn lena seirbhísí poiblí ardcháilíochta a mhaoiniú. Aghaidh a thabhairt ar an gcostas maireachtála – agus an costas maireachtála ag dul i méid, tá níos mó ioncaim de dhíth ar an rialtas chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil. Le ráta cánach ioncaim níos airde ar na saothraithe is mó, d'fhéadfaí tacaíocht níos fearr a thabhairt do shaothraithe ísealioncaim agus meánioncaim atá ag streachailt le costais mhéadaitheacha amhail cíos agus cúram leanaí.	8 8
--	---	---

EASAONTAÍM:

An riosca a bhaineann le ‘imirce daoine oilte’ –is féidir le saothraithe ardioncaim ar nós gairmithe oilte agus fiontraithe Éire a fhágáil do thíortha a bhfuil rátaí cánach ioncaim níos ísle acu. Laghdódh sé sin linn tallainne agus bonn cánach na hÉireann.

Tionchar diúltach ar IDC –dá mbeadh ardráta cánach níos airde ann, d’fhéadfadh sé nach mbeadh Éire chomh tarraingteach céanna d’oibrithe oilte, d’fhiontraithe agus d’fheidhmeannaigh, rud a d’fhéadfadh infheistíocht choigríche a dhíspreagadh. Teastaíonn an tallann is fearr ó CINanna ach má bhíonn cánacha i bhfad níos airde ar shaothraithe arda anseo ná in áiteanna eile, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar ghnólachtaí iad a fhostú agus a leathnú. D’fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh d’iomaíochas na hÉireann agus cruthú post a laghdú.

Ualach cánach ard cheana féin – tá an ráta cánach imeallach is airde in Éirinn (cáin ioncaim + MSU + ÁSPC) cothrom le 52 % d’fhostaithe agus 55 % do dhaoine féinfhostaithe cheana féin. D’fhéadfaí a mheas go bhfuil méadú eile éagórach agus iomarcach.

Seachaint cánach mhéadaithe – féadfaidh saothraithe ardioncaim straitéisí pleanála cánach a úsáid nó ioncam a aistriú amach ón gcósta chun a ndliteanas cánach a laghdú. D’fhéadfadh sé go gciallódh sé sin nach dtiocfaidh an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar ioncam cánach chun cinn.

Spreagann sé fás eacnamaíoch – d’fhéadfadh rátaí cánach níos ísle caiteachas agus infheistíocht a spreagadh, as a n-eascraíonn cruthú post agus fás eacnamaíoch. D’fhéadfadh cánacha a mhéadú ioncam indiúscartha a laghdú agus tionchar diúltach a bheith acu ar an ngeilleagar.

Pionóis ar obair chrua agus rath – d’fhéadfadh cánacha níos airde ar na saothraithe is mó dreasachtaí a laghdú chun oibriú níos deacra, rioscaí a ghlacadh, nó infheistíocht a dhéanamh i mbreisoideachas agus i scileanna. Má bhraitheann oibrithe go bhfuil siad ag cailleadh an iomarca dá n-ioncam i leith cánach, d’fhéadfadh sé nach mbeidís chomh spreagtha sin chun obair bhreise a dhéanamh, gnó a thosú, nó nuálaíocht a dhéanamh. D’fhéadfadh sé sin bac a chur ar an bhfás eacnamaíoch.

(c) 21	I mí Mheán Fómhair na bliana seo, tabharfaidh rialtas na hÉireann scéim pinsin uathchláraithe isteach d'fhostaithe nach bhfuil pinsean príobháideach acu. Nóta: Do gach €3 a chuireann fostaí isteach sa phinsean, cuirfear €4 leis: cuirfidh an fostóir €3 leis agus cuirfidh an Stát €1 leis. (i) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an scéim seo don fhostaí agus míbhuntáiste eacnamaíochta amháin don fostóir. Buntáiste Eacnamaíochta don Fhostaí: Coigilteas pinsin breise le haghaidh níos lú ranníocaíochta – cuireann ranníocaíocht an Stáit borradh faoi chiste scoir an fhostaí gan gá ranníocaíocht a dhéanamh an oiread céanna leo féin. Coigilteas pinsin ráthaithe – níl pinsean príobháideach ag go leor fostaithe. Cinntíonn an scéim seo go dtosóidh siad ag sábháil go huathoibríoch, rud a fhágfaidh go mbeidh slándáil airgeadais níos fearr ann agus iad ar scor. Cosaint ar chaillteanas ioncaim amach anseo – soláthraíonn pinsean tacaíocht airgeadais tar éis scoir, rud a laghdaíonn baol na bochtaineachta nuair nach bhfuil tuarastal á thuilleamh ag an bhfostaí a thuilleadh. Scéim atá éasca le húsáid / Spreagann sé dea-nósanna airgeadais – fágann an scéim go bhfuil sé níos éasca d'fhostaithe airgead a shábháil le haghaidh scoir gan gá clárú go gníomhach ná cinntí casta a dhéanamh. Ós rud é go mbainistíonn an rialtas an scéim, ní gá d'fhostaithe taighde a dhéanamh ar sholáthraí pinsin phríobháidigh ná soláthraí pinsin phríobháidigh a roghnú. Déanann sé seo coigilt fhadtéarmach níos simplí. Pinsean iniompartha – má athraíonn fostaí poist, fanann a gcoigilteas pinsin leo. Ní chailleann siad a ranníocaíochtaí ná ní gá dóibh plean pinsin nua a atosú. Níos lú spleáchais ar an bpinsean stáit – d'fhéadfadh sé nach leor an pinsean stáit amháin chun dul ar scor go compordach do go leor fostaithe. Cinntíonn an scéim seo go bhfuil coigilteas breise ag fostaithe, rud a d'fhéadfadh a n-imní airgeadais a laghdú níos déanaí sa saol. Míbhuntáiste Eacnamaíochta don Fhostaí: Costais ghnó níos airde – ní mór d'fhostóirí a bheith cothrom le ranníocaíocht an fhostaí. Méadaíonn sé seo costais saothair, rud a d'fhéadfadh brabúis a laghdú, go háirithe do ghnólachtaí beaga. Tionchar diúltach ar fhostú/phá – d'fhéadfadh sé go bhféadfadh costais níos airde in aghaidh an fhostaí go bhfostódh fostóirí níos lú oibrithe nó go gcuirfeadh siad teorainn le méaduithe pá chun speansais a bhainistiú. Mura féidir le gnólachtaí na costais bhreise a íoc, féadfaidh siad líon na foirne a laghdú nó aistriú chuig conarthaí páirtaimseartha nó sealadacha chun costais a laghdú. Ualach riaracháin – ní mór d'fhostóirí clárúcháin a láimhseáil, asbhaintí pinsin a bhainistiú, agus comhlíonadh na rialachán a áirithiú. Méadaíonn sé seo a gcuid páipéarachais agus costais ghaolmhara. Cuireann sé bac ar an iomaíochas – d'fhéadfadh costais níos airde a bheith ar ghnólachtaí Éireannacha ná mar atá ar ghnólachtaí i dtíortha nach bhfuil ranníocaíochtaí éigeantacha pinsin fostóra acu. Fágann sé seo nach bhfuil siad chomh hiomaíoch céanna	7 7
----------------------	--	-------------------

	(ii) Pléigh an dóigh a bhféadfadh an scéim pinsin uathchláraithe seo tionchar a imirt ar éifeacht an iolraitheora in Éirinn sa ghearrthearma (má bhíonn claonadh imeallach chun tomhaltais (MPC sa Bhéarla) níos ísle ann dá bharr. • Beidh éifeacht iolraitheora níos laige mar thoradh air. Míniú: • Ós rud é nach mór d'fhostaithe ranníocaíocht a dhéanamh lena bpinsin, is lú an t-ioncam indiúscartha atá acu le caitheamh Braitheann an éifeacht iolraitheora ar chaiteachas, is é sin, nuair a chaitheann saoránaigh níos lú, tuilleann gnólachtaí níos lú. Ós rud é gur ioncam duine eile é caiteachas duine amháin, bíonn níos lú cruthú post agus fás eacnamaíoch níos moille mar thoradh ar chaiteachas laghdaithe. Má shábhálann oibrithe níos mó trí phinsin seachas trí chaiteachas, is lú an borradh foriomlán don gheilleagar • Is é is cúis le Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC sa bhéarla) níos ísle ná an t-ainmneoir san fhoirmle iolraitheora a mhéadú. Bíonn éifeacht iolraitheora níos lú in Éirinn mar thoradh air sin.	7
--	---	---

Ceist 13


Freagraí Féideartha

Uas.
Marc

(a)

29

Sa chairt thíos taispeántar luach easpórtálacha na hÉireann de réir réigiúin sa chéad sé mhí de 2024.



Arna chur in oiriúint ón POS (CSO)

(i) Ríomh an céatadán d'earraí easpórtála iomlán na hÉireann a chuaigh isteach sna **Stáit Aontaithe**. Taispeáin do chuid oibre ar fad.

8

Do chuid oibre:

$$\frac{\text{Easpórtálacha na hÉireann go dtí na Stáit Aontaithe}}{\text{Easpórtálacha earraí iomlána na hÉireann}} \times \frac{100}{1}$$

$$\frac{€34 \text{ billiún}}{€108 \text{ billiún}} \times \frac{100}{1}$$

$$\frac{€34 \text{ billiún}}{€108 \text{ billiún}} \times \frac{100}{1}$$

Freagra: 31.48% / 32%

Bain 1 mharc as easnamh %

	In 2022, thuairiscigh an POS (CSO i mBéarla) go raibh 11,785 cuideachta in Éirinn ag easpórtáil earraí.	
(ii)	Tabhair breac-chuntas ar thairbhe eacnamaíochta amháin agus ar dhúshlán eacnamaíochta amháin do gheilleagar na hÉireann i gcás easpórtálacha na hÉireann. Tairbhe Eacnamaíochta: Ioncam náisiúnta méadaithe (OTI / OTN / OIN*) – Cuireann easpórtálacha go mór le hioncam náisiúnta na hÉireann trí ioncam eachtrach a thabhairt isteach. D'fhéadfadh fás eacnamaíoch níos airde / caighdeáin mhaireachtála níos fearr / ioncam cánach méadaithe don rialtas a bheith mar thoradh ar an méadú ar ioncam náisiúnta. Cruthú post – Tá líon mór post cruthaithe ag earnáil easpórtála na hÉireann, go díreach agus go hindíreach araon. D'fhéadfadh táirgeadh níos airde a bheith mar thoradh ar éileamh méadaithe ar earraí Éireannacha thar lear, rud a éilíonn níos mó saothair agus a mhéadaíonn leibhéal fostaíochta sa tír. Feabhsuithe ar an nuálaíocht agus ar an táirgiúlacht – trí dhul san iomaíocht i margaí domhanda, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chuideachtaí in Éirinn teicneolaíochtaí agus cleachtais nua a ghlacadh. D'fhéadfadh éifeachtúlacht níos fearr agus fás eacnamaíoch fadtéarmach a bheith mar thoradh air sin. Dúshlán Eacnamaíochta: Leochaileacht i leith suaití seachtracha – Tá geilleagar an-oscailte ag Éirinn, rud a fhágann go bhfuil sí níos leochailí i leith suaití eacnamaíocha seachtracha, m.sh. luaineachtaí eacnamaíocha / cogaí / cogaí trádála / athruithe ar an éileamh i bpríomh-mhargáí onnmhairiúcháin srl. D'fhéadfadh laghdú ar an éileamh ar easpórtálacha na hÉireann a bheith mar thoradh ar an gcor chun donais sna margaí domhanda. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar gheilleagar na hÉireann. Róspiléachas ar roinnt earnálacha – tá sciar mór d'easpórtálacha na hÉireann comhchruinnithe i roinnt earnálacha tábhachtacha, amhail cógaisíocht, TFC, agraibhia srl. D'fhéadfadh an róspiléachas sin ar líon teoranta tionscal a bheith ina chúis le héagobhsaíocht eacnamaíoch, má bhíonn deacrachtaí ag aon cheann de na hearnálacha sin. Luaineachtaí i rátaí malairte an euro – mar gheilleagar atá faoi stiúir easpórtála, bíonn cuideachtaí easpórtála na hÉireann neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le luaineachtaí i rátaí malairte an euro. Fágann euro níos láidre / níos luachmhaire go bhfuil easpórtálacha na hÉireann níos costasaí / nach bhfuil siad chomh hiomaíoch céanna i margaí idirnáisiúnta. Tionchar ar an gcomhshaol – d'fhéadfadh damáiste don chomhshaol a bheith mar thoradh ar leibhéal táirgeachta a mhéadú chun onnmhairiú a dhéanamh, m.sh. astaíochtaí carbóin níos airde / ídiú acmhainní. D'fhéadfadh an brú chun leibhéal easpórtála a choinneáil teacht salach ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann.	7 7

	Is í Éire anois an naoú ranníocóir is mó d'infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI sa Bhéarla) isteach sna Stáit Aontaithe. Arna chur in oiriúint ón Sunday Independent	
(iii)	Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta amháin a bhfuil eis-sreabhadh mar seo d'infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) tábhachtach do gheilleagar na Éireann. Míniú: Scaipeann sé an riosca eacnamaíoch – laghdaíonn infheistíocht sna Stáit Aontaithe spleáchas chuideachtaí na hÉireann ar mhargadh na hÉireann. Tugann an t-éagsúlú seo cosaint do gheilleagar na hÉireann ó ghéarchor eacnamaíoch agus déanann sé níos athléimní é. Borradh a chur faoin ioncam Náisiúnta – is minic a dhéantar brabúis a thuilleann cuideachtaí Éireannacha thar lear a aisdúichiú go hÉirinn. Cuireann an tuilleamh seo le OTN agus OIN* na hÉireann (ní OTI), toisc go dtagann siad ó ghníomhaíochtaí thar lear. Nuair a dhéantar na brabúis sin a aisdúichiú, cuireann siad le folláine eacnamaíoch fhoriomlán na hÉireann trí ioncam náisiúnta a mhéadú agus d'fhéadfadh siad ioncam cánach an rialtais a mhéadú. Borradh a chur faoi chomhardú na n-íocaíochtaí – is féidir le IDC amach tionchar dearfach a imirt ar chomhardú íocaíochtaí na hÉireann trí insreafaí a ghiniúint nuair a dhéantar brabúis ó infheistíochtaí coigríche a aisdúichiú. Neartaíonn na hinsreafaí sin an cuntas reatha trí spleáchas ard na hÉireann ar CINanna eachtracha a sheolann a mbrabúis thar lear a fhritháireamh. Méadú ar scileanna agus eolas – Faigheann cuideachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú sna Stáit Aontaithe scileanna / teicneolaíochtaí / eolas nua. Féadfar iad sin a chur i bhfeidhm in Éirinn chun táirgiúlacht, nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú. Naisc thrádála / infheistíochta a neartú – cuidíonn infheistíochtaí na hÉireann sna Stáit Aontaithe leis an gcaidreamh eacnamaíoch idir an dá thír a dhoimhniú, rud a d'fhéadfadh Éire a dhéanamh níos tarraingtí d'infheistíocht na Stát Aontaithe. D'fhéadfadh sé sin margaí trádála a éascú, deiseanna nua easpórtála a chur ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha, agus infheistíocht chómhálartach i dtionscail na hÉireann a spreagadh. Cuireann sé feabhas ar iomaíochas gnó na hÉireann – cuireann nochtadh do mhargaí idirnáisiúnta iallach ar ghnólachtaí na hÉireann dul san iomaíocht ar fud an domhain, rud a fheabhsaíonn a n-éifeachtúlacht agus a nuálaíocht. D'fhéadfadh iomaíocht i ngeilleagair mhóra cosúil leis na Stáit Aontaithe ligean do ghnólachtaí Éireannacha méadú, barainneachtaí scála a bhaint amach, agus brandaí den chéad scoth a fhorbairt a d'fhéadfadh leathnú isteach i margaí idirnáisiúnta eile ina dhiaidh sin. Seachain bacainní trádála – má leanann beartais chosantacha na Stát Aontaithe ar aghaidh, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag gnólachtaí Éireannacha, a bhíonn ag brath ar onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe, mar gheall ar tharaifí nó ar shrianta trádála eile Is féidir leis na gnólachtaí seo bacainní den sórt sin a sheachaint agus leanúint ar aghaidh ag fás trí lonnú go díreach sna Stáit Aontaithe. Cuidíonn sé seo lena mbrabúsacht agus lena gcobhsaíocht a chinntiú. Ina theannta sin, cinntíonn sé rochtain fhadtéarmach ar mhargadh na Stát Aontaithe, rud atá ríthábhachtach ós rud é go bhfuil na Stáit Aontaithe ar cheann de na comhpháirtithe trádála is mó atá ag Éirinn.	7


(b) 25		Tá os cionn 90 cuideachta cógaisíochta eachtrach ag feidhmiú in Éirinn agus tá os cionn 45,000 duine fostaithe iontu. Arna chur in oiriúint ó idaireland.com (i) Tá buntáiste comparáideach ag Éirinn agus í ag mealladh infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) cógaisíochta. Mínigh prionsabal an bhuntáiste chomparáidigh. Míniú: Tarlaíonn buntáiste comparáideach nuair a dhéanann tír speisialtóireacht i dtáirgeadh na n-earraí, a bhfuil an deis chostas is ísle acu ina leith / ina bhfuil sé níos éifeachtúla. Déanann an tír trádáil ar feadh a bhfuil fágtha dá riachtanais. Mar thoradh air seo, tá méadú ar tháirgiúlacht. (ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhoinse de bhuntáiste comparáideach in Éirinn a chabhraíonn le cuideachtaí cógaisíochta eachtracha a mhealladh. Clú / Cuntas teiste - Tá Éire tar éis í féin a bhunú le fada mar mhol do chuideachtaí cógaisíochta domhanda. Tá láithreacht láidir ag CINanna móra cógaisíochta ar nós Pfizer agus Johnson & Johnson cheana féin. Tógann sé seo muinín do CINanna cógaisíochta eile a mheasann Éire mar shuíomh déantúsaíochta. Tacaíochtaí T&F/nuálaíochta – tacaíonn rialtas na hÉireann le taighde agus forbairt don tionscal cógaisíochta trí dheontais agus dreasachtaí cánach. D'fhéadfadh nuálaíocht san earnáil a bheith mar thoradh air sin, m.sh. tháirg suíomh Chaisleán na Gráinsí de chuid Pfizer an vacsaín mRNA COVID-19, Paxlovid. 'Éifeacht braisle' cógaisíochta – baineann tionscal cógaisíochta na hÉireann tairbhe as 'éifeacht braisle', ina n-oibríonn cuideachtaí i ndlúthghaireacht dá chéile. Cumasaítear leis sin comhroinnt eolais, comhoibriú le hollscoileanna, agus rochtain níos éasca ar sholáthróirí speisialaithe. M.sh. Tá roinnt cuideachtaí móra cógaisíochta i gCorcaigh in éineacht le gnólachtaí nuathionscanta bith-theicneolaíochta agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC). Cabhraíonn sé leis an tionscal cógaisíochta in Éirinn a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos nuálaí. Lucht saothair ardoilte – tá lucht saothair ardoilte ag Éirinn, go háirithe i réimsí ETIM. Baineann an earnáil cógaisíochta tairbhe as soláthar seasta tallainne, lena n-áirítear céimithe ardcháilithe ó ollscoileanna na hÉireann i réimsí ar nós na bithcheimice agus na cógaseolaíochta srl. Geilleagar oscailte na hÉireann – tá geilleagar oscailte na hÉireann dírithe go mór ar onnmhairiú, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca do chuideachtaí cógaisíochta dul i mbun trádáil idirnáisiúnta. Cuireann a shuíomh geografach bealaí loingseoireachta éifeachtacha ar fáil do Mheiriceá Thuaidh agus don Eoraip araon. Ráta íseal cánach corparáide – tá ráta cánach corparáide 15% na hÉireann an-iomaíoch i gcomparáid le go leor tíortha eile san Eoraip. Laghdaíonn an timpeallacht chánach costais oibriúcháin do chuideachtaí cógaisíochta agus spreagann sí IDC in earnáil na cógaisíochta.	7 2 @ 6
------------------------------------	--	---	-------------------------------------

	Gaireacht do mhargadh an Aontais – Mar bhall den Aontas, cuireann Éire rochtain saor ó tharaifí ar fáil ar mhargadh aonair mór ina bhfuil tuairim is 450 milliún tomhaltóir. Cinntíonn an rochtain sin gur féidir le cuideachtaí cógaisíochta a dtáirgí a dháileadh ar bhealach níos éasca ar fud an Aontais. Náisiún ina labhraítear Béarla – is í Éire an tír dhúchais is mó ina labhraítear Béarla san Aontas, rud a fhágann gur suíomh tarraingteach í do ghnólachtaí cógaisíochta na Stát Aontaithe agus Ceanada. Éascaíonn an buntáiste teanga seo oibríochtaí domhanda agus cumarsáid le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Ailíniú le caighdeáin rialála/cháilíochta – Cloíonn Éire le dianrialacháin an Aontais agus tá cáil bainte amach aici as ardchaighdeáin cháilíochta a choinneáil, go háirithe sa mhonaraíocht chógaisíochta. Comhlíonann sé sin margaí idirnáisiúnta, go háirithe an tAontas agus na Stáit Aontaithe / cuireann sé feabhas ar tharraingteacht na hÉireann do chuideachtaí a bhfuil dálaí monaraíochta den chéad scoth ag teastáil uathu. Cobhsaíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch – is tír í Éire atá cobhsaí ó thaobh na polaitíochta agus an gheilleagair de agus a bhfuil timpeallacht ar son an ghnó aici. D'fhéadfadh sé sin muinín a thabhairt do chuideachtaí cógaisíochta as cinntí infheistíochta fadtéarmaí.	
(iii)	Tá ról ríthábhachtach ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO sa Bhéarla) sa trádáil dhomhanda. Tabhair breac-chuntas ar fheidhm amháin atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Éascaíonn sé caibidlíocht trádála – is é an ról is tábhachtaí atá ag EDT ná cabhrú le tíortha comhaontuithe trádála a chaibidliú. Is é is aidhm do na comhaontuithe sin bacainní amhail taraifí agus cuótaí a laghdú, rud a fhágann go bhfuil an trádáil níos éasca agus níos éifeachtúla. Trí shaorthrádail chóir a chur chun cinn, cuidíonn na comhaontuithe sin leis na geilleagair an caidreamh idirnáisiúnta a fhás agus a neartú. Réitíonn sé díospóidí trádála – nuair nach n-aontaíonn tíortha le ceisteanna trádála, gníomhaíonn an Eagraíocht Dhomhanda Trádála mar idirghabhálaí neodrach chun díospóidí a réiteach. Cuireann sé sin cosc ar choinbhleachtaí géarú ina gcogaí trádála, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don gheilleagar domhanda. Áirithítear le próiseas réitigh díospóidí EDT go leanfaidh na comhaltaí uile na rialacha comhaontaithe trí thimpeallacht trádála níos cobhsaí a chruthú. Déanann sé faireachán ar chleachtais trádála – déanann an Eagraíocht Dhomhanda Trádála athbhreithniú rialta ar a ngealltanais trádála agus cinneann sé cé acu atá nó nach bhfuil a ngealltanais trádála á leanúint ag tíortha. Leis an bhfaireachán sin, cuirtear trédhearcacht chun cinn agus cothaítear muinín i measc na mBallstát toisc go bhfuil a fhios ag gach tír go bhfuil na rialacha trádála á bhforfheidhmiú go cothrom. Cuireann sé tacaíocht ar fáil do thíortha atá i mbéal forbartha – cuidíonn an Eagraíocht Dhomhanda Trádála le náisiúin bhochta feabhas a chur ar a gcumas trádála trí oiliúint, comhairle agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil dóibh. Leis an tacaíocht sin, is féidir le tíortha i mbéal forbartha trádáil a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí / tairbhe a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha a chruthaítear le comhaontuithe EDT. Cuireann sé trédhearcacht chun cinn sa trádáil dhomhanda – éilíonn an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar chomhaltaí a mbeartais agus a gcleachtais trádála a fhoilsiú. Laghdaíonn an trédhearcacht sin éiginnteacht, cuireann sí cosc ar chleachtais éagóracha, agus cuireann sí ar chumas gnólachtaí oibriú le níos mó muiníne i margaí idirnáisiúnta. Spreagann sé cobhsaíocht comhoibriú eacnamaíoch – cuidíonn an Eagraíocht Dhomhanda Trádála le cosc a chur ar an teannas eacnamaíoch dul in olcas ina dhíospóidí tromchúiseacha trí fhóram a chur ar fáil do rialtais chun saincheisteanna trádála a phlé agus coinbhleachtaí a réiteach. Tá cobhsaíocht den sórt sin ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch domhanda agus don infheistíocht.	6

	(ii) Tabhair breac-chuntas ar thairbhe eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh Cúnamh Forbartha Oifigiúil na hÉireann a chur ar fáil do Thíortha Tearcfhorbartha (TFFanna). Laghdaíonn sé an fhíorbhochtaineacht – cuireann Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (ODA) na hÉireann acmhainní rithábhachtacha ar fáil amhail bia, uisce glan, agus cúram sláinte do na pobail is boichte sna tíortha tearcfhorbartha (TFFanna). Cuidíonn an cúnamh díreach sin le daoine a bhaint den fhíorbhochtaineacht, cuireann sé feabhas ar a gcáilíocht saoil agus cruthaíonn sé bonn d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Forbraíonn sé bonneagar – maoiníonn Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (ODA) tógáil agus feabhsú bonneagair riachtanaigh sna tíortha tearcfhorbartha (TFFanna) forbairt, amhail bóithre / scoileanna / ospidéal srl. Cuidíonn bonneagar níos fearr le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, tacaíonn sé le trádáil, agus meallann sé infheistíocht, rud a chuireann le cobhsaíocht agus fás eacnamaíoch. Forbraíonn sé oideachas/scileanna – cuidíonn Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (ODA) leis an oideachas sna tíortha is lú forbairt a mhaoiniú. Cuidíonn sé seo le lucht saothair níos oilte a thógáil. Cuireann an t-oideachas feabhsaithe leis an táirgiúlacht agus tugann sé deiseanna níos fearr do shaoránaigh sna tíortha tearcfhorbartha (TFFanna) cur lena ngeilleagair. Cuireann sé feabhas ar chúram sláinte – maoiníonn Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (ODA) tionscnaimh cúraim sláinte, amhail cláir vacsaínithe agus iarrachtaí chun galair a chosc. Tá daonraí níos sláintiúla níos táirgiúla agus tá costais cúraim sláinte níos ísle acu. Fágann sé sin gur féidir níos mó acmhainní a infheistiú i bhforbairt eacnamaíoch. Éagsúlú a dhéanamh ar gheilleagair / Feabhas a chur ar thrádáil – Cuidíonn Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (ODA) leis na tíortha tearcfhorbartha (TFFanna) tionscail nua a fhorbairt agus rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta. Trí éagsúlú a dhéanamh ar a ngeilleagair, féadfaidh na tíortha tearcfhorbartha (TFFanna) spleáchas ar aon onnmhairiú amháin a laghdú agus a gcomhardú trádála a fheabhsú. D'fhéadfadh fás eacnamaíoch níos cobhsaí a bheith mar thoradh air sin. Cuireann sé feabhas ar an rialtas / Laghdaíonn sé an t-éilliú – is minic a chuireann rialtais laga agus córais rialtais neamhéifeachtacha bac ar fhorbairt eacnamaíoch na dtíortha tearcfhorbartha (TFFanna) Cuidíonn Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (ODA) le córais dhlíthiúla, airgeadais agus pholaitiúla níos láidre a thógáil, atá rithábhachtach chun infheistíocht a mhealladh, cearta maoine a fhorfheidhmiú, agus éilliú a laghdú.	7
--	---	---

	(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán amháin do TTFanna atá éirithe spleách ar chúnamh idirnáisiúnta, amhail Cúnamh Forbartha Oifigiúil. Easpa forbartha eacnamaíche – nuair a bhíonn tír tearcfhorbartha ag brath an iomarca ar COF, cuireann sé cosc ar gheilleagar féinchothaitheach a fhorbairt. D’fhéadfadh rialtais TTFanna díriú ar chabhair a fháil seachas tionscail áitiúla agus fiontraíocht a chothú. M.sh. Bhí sé deacair ar an Mhaláiv a hearnáil talmhaíochta a fhorbairt, b’fhéidir mar gheall ar chúnamh leanúnach bia, rud a d’fhéadfadh infheistiúocht san fheirmeoireacht intíre a dhíspreagadh. Margadh saofa – d’fhéadfadh méideanna móra cabhrach eachtraí cur isteach ar mhargaí áitiúla tríd an mbonn a bhaint de tháirgeoirí intíre. Má tá earraí saor in aisce nó earraí mór-fhóirdheonaithe ceannasach sa mhargadh, beidh deacrachtaí ag táirgeoirí áitiúla dul san iomaíocht. Lagaíonn sé sin tionscail intíre agus bíonn míchothromaíochtaí eacnamaíocha fadtéarmacha mar thoradh air. M.sh., i Háítí, tá laghdú suntasach tagtha ar an éileamh ar rís a fhástar go háitiúil mar gheall ar allmhairí ríse saor in aisce ó na Stáit Aontaithe, rud a dhéanann dochar d’fheirmeoirí ríse Háítí. Caillteanas neamhspleáchais – is minic a bhíonn coinníollacha eacnamaíocha sonracha i gceist le cabhair idirnáisiúnta arna bhforchur ag tíortha bronntacha/eagraíochtaí neamhrialtasacha. D’fhéadfadh sé nach mbeadh na coinníollacha ag teacht le tosaíochtaí eacnamaíocha na tíre agus d’fhéadfadh siad teorainn a chur le rialú an rialtais ar bheartais eacnamaíocha. M.sh. tá bearta déine de dhíth ar roinnt iasachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) do TTFanna chun seirbhísí poiblí a laghdú, fiú nuair a chuireann na ciorruithe bac ar fhorbairt eacnamaíoch. Rialtas lag – lagaíonn spleáchas fada ar chabhair institiúidí rialtais trí iad a dhéanamh níos cuntais do dheontóirí ná dá saoránaigh féin. D’fhéadfadh drochphleanáil eacnamaíoch agus éilliú méadaithe a bheith mar thoradh air sin, toisc nach ndéantar cistí cabhrach a bhainistiú go trédhearcach i gcónaí. M.Sh. sa tSúdáin Theas, cailleadh méideanna móra cúnaimh airgeadais mar gheall ar éilliú, seachas iad a úsáid le haghaidh forbartha. Luaineacht / éiginnteacht cabhrach – is minic nach féidir cabhair idirnáisiúnta a thuair, toisc go mbraitheann sí ar thosaíochtaí eacnamaíocha agus polaitiúla na dtíortha bronntacha. Má laghdaítear nó má tharraingítear siar cabhair go tobann, bíonn deacrachtaí ag TTFanna tionscadail rithabhachtacha a chothú i gcúram sláinte, in oideachas nó i mbonneagar. M.sh. Chuir rialtas na Stát Aontaithe stop le go leor cistí AID de chuid na Stát Aontaithe chuig TTFanna i mí Feabhra 2025. Creimeadh an chultúir áitiúil/na gcleachtas áitiúil – nuair a bhíonn TTFanna ag brath go mór ar chabhair eachtrach, d’fhéadfadh beartais atá dírithe ar dheontóirí traidisiúin áitiúla a lagú. Mar shampla, chuir roinnt clár oideachais a mhaoinigh an tlarthar in TTFanna na hAfraice an Béarla agus an Fhraincis chun cinn mar phríomhtheangacha teagaisc, in ionad teangacha dúchasacha. Rinne sé sin an oidhreacht chultúrtha a chreimeadh agus leag sé béim ar spleáchas ar shamhlacha oideachais eachtraigh seachas ar shamhlacha atá faoi stiúir áitiúil a fhorbairt. Tionchar teoranta ar cheisteanna struchtúracha – is minic a thugann cabhair eachtrach aghaidh ar riachtanais ghearrthéarmacha amhail bia, cúram sláinte agus oideachas ach déanann sí faillí i bhfadhbanna níos doimhne amhail rialachas, athchóiriú talún agus córais dlí. Coinníonn sé sin TTFanna ag brath ar chabhair, toisc go bhfuil éilliú, institiúidí laga agus drochbhonneagar fós ann. M.sh. in ainneoin na mblianta fada de chúnamh eachtrach, tá Poblacht Dhaonlathach an Chongó fós ag streachailt le drochrialachas agus le bonneagar tearcfhorbartha.	7
--	--	---

Ceist 14

		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(a)		Taispeántar sa ghrafaic thíos gur cheannaigh tromlach na n-úsáideoirí idirlín in Éirinn earraí ar líne in 2023.	
25			
	(i)	Arna chur in oiriúint ó Household Digital Consumer Behaviour 2024, POS (CSO) Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann le siopadóireacht ar líne do thomhaltóirí in Éirinn seachas rogha níos fairsinge táirgí a bheith ar fáil dóibh. Tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann: Áisiúlacht / inrochtaineacht / éifeachtúlacht mhéadaithe – is féidir le tomhaltóirí a cuid siopadóireacht a dhéanamh ón mbaile tráth ar bith, agus ar an gcaoi sin taisteal, scuainí agus sluaite a sheachaint. Sábhálann cuardaigh thapa, scagairí, agus ceannacháin aon-cliceáil am / déanann siad siopadóireacht níos éifeachtaí. Tá sé seo úsáideach go háirithe do ghairmithe gnóthacha agus do thuismitheoirí / dóibh siúd i gceantair thuaithe a bhfuil níos lú siopaí fisiciúla in aice láimhe acu. Praghsanna níos saoire / Lascaí – is minic a bhíonn praghsanna níos ísle, cur chun cinn eisiach, agus cóid lascaí ag siopaí ar líne. Fágann uirlisí comparáide praghsanna go bhfuil sé níos éasca na déileálacha is fearr a fháil. Seachadadh baile / Seirbhísí síntiúis – Seachadtar earraí go díreach chuig do dhoras, uaireanta an lá dar gcionn. Déanann seirbhísí síntiúis le haghaidh earraí grósaera nó earraí riachtanacha ceannacháin rialta a shimpliú. Rochtain ar athbhreithnithe / Cinntí níos eolaí – Cuidíonn rátálacha agus athbhreithnithe custaiméirí le ceannaitheoirí roghanna níos fearr a dhéanamh, rud a laghdaíonn an baol le díomá. D'fhéadfadh moltaí atá dírithe ar an intleacht shaorga táirgí ábhartha a mholadh freisin. Íocaíochtaí solúbtha – d'fhéadfadh roghanna íocaíochta éagsúla a bheith ann, lena gcuirtear solúbthacht ar fáil, lena n-áirítear tiachóga digiteacha agus roghanna 'ceannaigh anois, íoc níos déanaí'. Tá sé níos éasca earraí a thabhairt ar ais – faoi dhlíthe cosanta tomhaltóirí an Aontais, tá sé de cheart ag siopadóirí Éireannacha tréimhse mharana 14 lá a fháil le haghaidh ceannacháin ar líne. Ciallaíonn sé seo gur féidir leo an chuid is mó de na hearraí a thabhairt ar ais gan cúis a thabhairt. Níos lú ceannachán tallanach – tugann siopadóireacht ar líne am duit smaoineamh sula gceannaítear aon rud. D'fhéadfadh sé seo an dóchúlacht de thobcheannach a laghdú, mar is féidir le siopadóirí ar líne am a ghlacadh chun roghanna a chur i gcomparáid agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid riachtanas sular gceannaíonn siad rud ar bith Tairbhí comhshaoil – laghdaíonn siopadóireacht ar líne astaíochtaí carbóin trí thurais ghluaisteáin nach bhfuil gá leo chuig siopaí iomadúla a laghdú. Cuireann go leor cuideachtaí roghanna seachadta inbhuanaithe ar fáil anois, amhail loingseoireacht atá neodrach ó thaobh carbóin de nó pacáistíocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil.	2 @ 5

	(ii) Tá sé i gceist ag Amazon siopa tiomnaithe a oscailt in Éirinn in 2025 agus beidh os cionn 100 milliún táirge á dtairiscint ann. Tabhair breac-chuntas ar dhá dheacracht eacnamaíochta a d'fhéadfadh fairsingiú Amazon a chruthú do mhiondíoltóirí beaga agus meánmhéide atá ag feidhmiú in Éirinn. Deacrachtaí eacnamaíochta: Iomaíocht mhéadaithe – tabharfaidh leathnú Amazon miondíoltóir ceannasach domhanda isteach i margadh na hÉireann. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar mhiondíoltóirí beaga a bhfuil acmhainní teoranta acu dul in iomaíocht le cumas Amazon rogha ollmhór táirgí a thairiscint ar phraghsanna níos ísle Corrlaigh bhrabúis bheaga – d'fhéadfadh straitéisí praghsála ionsaithí Amazon iallach a chur ar mhiondíoltóirí beaga a bpragsanna a íslíu chun fanacht iomaíoch. Ós rud é gur minic a oibríonn miondíoltóirí beaga le corrlaigh bhrabúis tanaí, d'fhéadfadh brabúsacht laghdaithe nó fiú caillteanais airgeadais a bheith mar thoradh air sin. Bearna teicneolaíochta – D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar mhiondíoltóirí beaga Éireannacha dul in iomaíocht le hardán ríomhthráchtála agus líonra lóistíochta Amazon. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na hacmhainní ag go leor gnólachtaí áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht agus chun feabhas a chur ar a gcórais seachadta chun éifeachtúlacht Amazon a mheaitseáil. Dílseacht do chustaiméirí a chreimeadh – Féadfaidh custaiméirí a ndílseacht a aistriú chuig Amazon mar gheall ar na praghsanna níos ísle, loingseoireacht níos tapúla, agus raon níos leithne táirgí. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le laghdú ar dhíolacháin do mhiondíoltóirí beaga, a bhíonn ag brath go mór ar ath-ghnó ó chustaiméirí áitiúla. Dúshlán sa slabhra soláthair – d'fhéadfadh cumhacht ceannaigh an-suntasach Amazon cur isteach ar shlabhraí soláthair do mhiondíoltóirí beaga. Féadfaidh soláthróirí tosaíocht a thabhairt do Amazon, rud a fhágann go bhfuil ganntanas stoic nó costais níos airde ann do ghnólachtaí beaga. D'fhéadfadh sé seo a dhéanamh deacair dóibh praghsáil chobhsaí agus stoc atá ar fáil a choinneáil. Tionchar an phobail – d'fhéadfadh leathnú Amazon cur le meath na n-ardsráideanna agus na limistéar siopadóireachta áitiúil, de réir mar a bhíonn miondíoltóirí beaga ag streachailt le maireachtáil. D'fhéadfadh sé sin comhtháthú an phobail a lagú agus beocht na ngeilleagar áitiúil a laghdú, ar geilleagair iad a bhíonn ag brath go minic ar ghnólachtaí beaga. Caillteanais post i ngnólachtaí beaga – de réir mar a mheallann Amazon níos mó custaiméirí, d'fhéadfadh laghdú teacht ar dhíolacháin miondíoltóirí beaga, rud a d'fhágfadh go gcuirfí as a bpost iad nó go ndúnfaí gnólachtaí fiú. D'fhéadfadh caillteanas post áitiúil a bheith mar thoradh air sin, go háirithe i ngnólachtaí atá á reáchtáil ag teaghlacha agus i siopaí neamhspleácha. Tionchar diúltach ar an margadh maoine miondíola – má chuirtear iallach ar mhiondíoltóirí beaga laghdú, athlonnú, nó dúnadh go hiomlán, d'fhéadfadh méadú i spásanna miondíola folmha gníomhaíocht fhoriomlán tomhaltóirí i gceantair siopadóireachta áitiúla a laghdú a thuilleadh. Cruthaíonn sé fáinne fí, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos deacra do mhiondíoltóirí beaga téarnamh a bhaint amach.	2 @ 5
--	--	--------------

		(iii) Léiríonn an tsiopadóireacht ar líne an tslí ar féidir le dul chun cinn sa teicneolaíocht tionchar a imirt ar gheilleagar margaidh na hÉireann. Tabhair breac-chuntas ar bhealach amháin eile a d'fhéadfadh athruithe sa teicneolaíocht dul i gcion ar an mbealach a bhfeidhmíonn ceachtar de na hearnálacha thíos. • Talmhaíocht • Spóirt agus Aclaíocht Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun an earnáil a roghnaigh tú a chur in iúl agus tabhair breac-chuntas i do fhreagra. Talmhaíocht: Feirmeoireacht bheacht – cuireann teicneolaíochtaí amhail GPS agus dróin ar chumas feirmeoirí sláinte barr a mhonatóiriú, patrúin cuir a bharrfheabhsú, agus leasacháin nó lotnaidicídí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos cruinne. Laghdaíonn sé sin dramhaíl agus costais, rud a fheabhsaíonn iomaíochas thalmhaíocht na hÉireann. Costais saothair laghdaithe / Aschur níos airde – féadfaidh innealra uathoibrithe (amhail córais bleáin róbatacha) costais saothair a laghdú / táirgiúlacht a mhéadú / oibríochtaí a shruthlíniú, agus brabúsacht níos airde mar thoradh air sin. Rochtain feabhsaithe ar an margadh – d'fhéadfadh teicneolaíocht feirmeoireacht atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chumasú, m.sh. trí bheatha eallaigh a laghdaíonn meatán a ghlacadh, d'fhéadfadh feirmeoirí Éireannacha caighdeán chomhshaoil a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr agus rochtain níos fearr a fháil ar mhargaí onnmhairithe / pionóis faoi chomhaontuithe aeráide a sheachaint. Anailísíocht sonraí / Intleacht Shaorga – d'fhéadfadh bogearraí cabhrú le feirmeoirí patrúin aimsire / dálaí ithreach / sláinte beostoic a rianú ar bhealach níos fearr. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le cinnteoireacht níos fearr / aschur níos airde, rud a fheabhsaíonn iomaíochas. Úsáid aipeanna – féadfaidh feirmeoirí acmhainní a chomhthiomsú trí aipeanna ar nós WhatsApp chun trealamh, saothar agus iompar a roinnt, d'fhonn costais a laghdú, rud atá ríthábhachtach do gheilleagar margaidh. Úsáid fuinnimh in-athnuaite – trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú (m.sh. painéil ghréine), féadfaidh feirmeacha costais oibriúcháin a laghdú / ioncam breise a ghiniúint trí fhuinneamh breise a dhíol ar ais leis an eangach. Feabhsaíonn sé seo iomaíochas talmhaíochta na hÉireann. Úsáid innealtóireachta géinití – cuidíonn dul chun cinn sa ghéineolaíocht le póortha beostoic agus cineálacha barr a fheabhsú. Laghdaíonn sé seo costais ionchuir agus cuireann sé borradh faoi tháirgiúlacht/cháil talmhaíochta na hÉireann i margaí baile agus onnmhairithe araon.	5
--	--	---	----------

Spóirt agus Aclaíocht:

Teicneolaíocht inchaite – spreagann rianaitheoirí aclaíochta agus uaireadóirí cliste spéis tomhaltóirí san aclaíocht. Spreagann sé éileamh tomhaltóirí ar tháirgí agus seirbhísí a bhaineann le haclaíocht / méadaíonn sé ioncam do mhonaróirí gléasanna inchaite agus aipeanna gaolmhara.

Anailísíocht feidhmíochta – d’fhéadfadh arduirlisí sonraí, amhail anailís físe agus rianú GPS, cabhrú le lúthchleasaithe agus le foirne spóirt a gcuid feidhmíochta a bharrfheabhsú. Tacaíonn sé seo le tionscail a sholáthraíonn uirlisí den sórt sin / cruthaíonn sé éileamh ar phoist oilte sa teicneolaíocht agus san eolaíocht spóirt.

Ardáin aclaíochta ar líne – tugann ranganna agus aipeanna aclaíochta fíorúla deis do dhaoine aclaíocht a dhéanamh sa bhaile. Leathnaíonn sé seo rochtain ar roghanna aclaíochta ar fud na hÉireann, go háirithe i gceantair thuaithe. D’fhéadfadh siad sruthanna nua ioncaim a chruthú d’oiliúnóirí, d’fhorbróirí aipeanna agus do sheirbhísí gaolmhara.

Áiseanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol – trí theicneolaíochtaí cliste agus fuinneamh in-athnuaite a ghlacadh, féadfaidh áiseanna spóirt costais oibriúcháin a laghdú, tomhaltóirí atá feasach ar an gcomhshaol a mhealladh, agus a gcuid brabúsachta a fheabhsú. Cuireann sé seo le geilleagar margaidh na hÉireann.

Na meáin shóisialta – tugann aipeanna meán sóisialta ar nós Instagram agus TikTok deis do ghiomnásiamai agus do chlubanna spóirt iad féin a chur ar an margadh ar bhealach níos éifeachtaí trí spriocphobal níos leithne a bhaint amach. D’fhéadfadh sé seo ballraíocht/comhaontuithe urraíochta a mhéadú. Is léir an ghníomhaíocht eacnamaíoch a ghintear trí mhargaíocht na meán sóisialta agus is féidir í sin a thomhas.

Forbairt ríomhspóirt – tá deiseanna cruthaithe ag teacht chun cinn ríomhspóirt d’fhorbróirí cluichí, d’eagraithe imeachtaí agus d’imreoirí gairmiúla. Ligeann ardáin ar nós Twitch agus YouTube Gaming do chluichirí ioncam a thuilleamh trí ioncam fógraí, urraíochtaí agus síntiúis. Tá níos mó daoine óga ag gabháil do spóirt dhigiteacha seachas spóirt fhisiciúla traidisiúnta.

(b)


31

Léiríonn na sonraí thíos sceidil éilimh an mhargaidh agus sceidil soláthair an mhargaidh do dhíbholáíoch nua ar a dtugtar Scentastic.

Praghas (€)	Cainníocht a Éilítear (aonaid)	Cainníocht a Sholáthraítear (aonaid)
€1.00	50,000	10,000
€1.50	40,000	20,000
€2.00	30,000	30,000
€2.50	20,000	40,000
€3.00	10,000	50,000

(i) Úsáid na sonraí thuas agus líon isteach ar an ngrafpháipéar a thugtar thíos:

- Cuar éilimh an mhargaidh do Scentastic.
- Cuar soláthair an mhargaidh do Scentastic.
- Lipéadaigh go soiléir pointe na cothromaíochta mar E.
- Taispeáin an praghas cothromaíochta (P_e) agus an cainníocht chothromaíochta (Q_e) ar an ngraf. **Nóta: Ní mór duit ais an phraghais agus ais na cainníochta a chomhlánú/líonadh.**



17:
17 x 1

Líon
isteach
Aiseanna:
2

E: 6 x 1
S: 6 x 1
Cothrom
 P_e
 Q_e

- (ii) Úsáid foirmle chuí agus ríomh **praghas leaisteachais an éilimh** (PED sa Bhéarla) do Scentastic nuair a ardaítear an praghas ó €2.00 go €2.50 agus a laghdaíonn an chainníocht a éilítear ó 30,000 aonad go 20,000 aonad.

Mínigh an bhrí eacnamaíochta atá le do fhreagra agus **taispeáin do chuid oibre ar fad**.

Do chuid oibre:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

$$\frac{-10,000}{0.50} \times \frac{2.00 + 2.50}{30,000 + 20,000}$$

Freagra: - 1.8

Brí eacnamaíoch an fhreagra:

Is é an comhartha lúide agus, dá bhrí sin, cloíonn Scentastic le Dlí an Éilimh. Tá gaol inbhéartach idir an praghas agus an chainníocht a éilítear i gcás Scentastic.

Is é 1.8 an luach dearbh.

Tá an t-éileamh seo ar Scentastic praghasleaisteach toisc go bhfuil a PED níos mó ná 1. Beidh athrú céatadáin níos mó ar an gcainníocht a éilítear mar thoradh ar an athrú céatadáin i bpraghas Scentastic. Le gach méadú €1 ar phraghas Scentastic, laghdóidh an chainníocht atá á éileamh faoi 1.8%.

9

5

(c)		Tá beagnach 200,000 saoránach in Éirinn ag obair i ngeilleagar na poistíneachta.	
19		“Do bhealach a dhéanamh i ngeilleagar poistíneachta na hÉireann: Straitésí don Rathúlacht”, esoftskills.ie	
		(Nóta: Is éard is geilleagar na poistíneachta ann ná margadh saothair ina bhfuil conarthaí gearrthéarmacha nó ina bhfuil saorobair forleathan). Is gá geilleagar na poistíneachta a rialáil níos fearr ar mhaithe leis na hoibrithe atá ag obair ann. (i) An aontaíonn tú leis an ráiteas thuas? Cuir tic () sa bhosca cuí chun do rogha a chur in iúl agus cosain do rogha. AONTAÍM: Easpa slándála poist – is gnách nach mbíonn conarthaí buana ag oibrithe poistín / ní bhíonn aon ráthaíocht fostaíochta acu. D’fhéadfadh an éagobhsaíocht seo a bheith ina chúis le héiginnteacht airgeadais agus deacracht iasachtaí nó morgáistí a fháil. Easpa cearta fostaíochta – aicmítear go leor oibrithe poistín mar chonraitheoirí neamhspleácha seachas mar fhostaithe. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn cosaintí acu amhail pá breoiteachta, pá saoire, agus cearta dífhostaithe éagóraigh. D’fhéadfadh rialáil níos láidre a áirithiú go bhfaighidh siad cearta bunúsacha fostaíochta. Tuilleamh íseal / dothuartha – i gcodarsnacht le poist thraidisiúnta, d’fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag oibrithe poistín le leibhéil ioncaim luaineacha. Fágann sé seo go bhfuil sé deacair pleanáil bhuiséid agus pleanáil airgeadais a dhéanamh. Ba cheart cosaintí íosphá a leathnú chuig oibrithe poistín chun pá cothrom a áirithiú. Easpa cosanta sóisialta – níl rochtain ag go leor oibrithe poistín ar shochair slándála sóisialaí amhail ranníocaíochtaí PRSI, rud a théann i bhfeidhm ar a dteidlíocht maidir le pinsin stáit, sochair dhífhostaíochta agus sochair bhreoiteachta a fháil. D’fhéadfadh ath-aicmiú a stádais fostaíochta a gclúdach cosanta sóisialta a fheabhsú. Saothrú ag ardáin dhigiteacha – is minic a rialaíonn ardáin dhigiteacha amhail seachadadh bia agus seirbhísí glaonna tacsáí praghsáil agus dálaí oibre, gan dul i gcomhairle le hoibrithe. Tá gá le níos mó maoirseachta chun íde éagórach a chosc agus chun dálaí oibre níos fearr a áirithiú. Easpa soiléireachta cánachais – bíonn mearbhall ar go leor oibrithe poistín maidir lena ndliteanais chánach mar shaoránaigh féinfhostaithe. D’fhéadfadh rialacháin níos soiléire comhlíonadh cánach a shimpliú agus cosc a chur ar shaincheisteanna dlíthiúla a d’fhéadfadh teacht chun cinn.	7

EASAONTÁIM:

Solúbthacht d'oibrithe – roghnaíonn go leor oibrithe poistín an cineál seo oibre de thairbhe go dtugann sé solúbthacht. Is féidir leo a chinneadh cathain a oibríonn siad agus cá mhéad uaireanta an chloig a oibríonn siad. Ligeann sé dóibh cothromaíocht a bhaint amach idir gealltanais eile amhail oideachas, cúram, nó an dara post. Má chuirtear rialacháin níos déine i bhfeidhm, d'fhéadfadh cuideachtaí an tsolúbthacht seo a laghdú.

Tuilleadh deiseanna fostaíochta – tugann geilleagar na poistíneachta deis d'oibrithe airgead a thuilleamh go tapa gan dul trí phróisis earcaíochta fhada. I gcás saoránach nach bhfuil in ann fostaíocht lánaimseartha a fháil, is féidir le hobair phoistín ioncam agus taithí oibre a sholáthar láithreach.

D'fhéadfadh rialacháin obair phoistín a laghdú – dá ndéanfaí oibrithe poistín a athaicmiú mar fhostaithe, d'fhéadfadh cuideachtaí níos lú daoine a fhóstu nó ceanglais níos déine a thabhairt isteach chun costais a laghdú. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le níos lú deiseanna dóibh siúd a bhraitheann ar obair phoistín.

Faigheann roinnt oibrithe poistín pá maith – ní bhíonn pá íseal ná drochdhálaí oibre ag gach oibrí poistín. Roghnaíonn cuid acu obair phoistín toisc go saothraíonn siad níos mó ná mar a shaothródís i bhfostaíocht thraidisiúnta, go háirithe iad siúd a bhfuil scileanna mór-éilimh orthu, amhail TF, dearadh grafach, nó comhairliúchán. D'fhéadfadh ró-rialáil a gcumas saothraithe a theorannú.

Costais mhéadaithe do thomhaltóirí – má fhaigheann oibrithe poistín níos mó sochar, is dócha go n-ardódh cuideachtaí a bpraghsanna chun na costais sin a chlúdach. D'fhéadfadh sé seo seirbhísí amhail seachadadh bia, seirbhísí glaonna tacsáí agus obair neamhspleách a dhéanamh níos costasaí do thomhaltóirí.

Baineann geilleagar na hÉireann leas as obair phoistín – cuidíonn an geilleagar poistín le gnólachtaí trí lucht saothair solúbtha a sholáthar, costais a laghdú agus táirgiúlacht a mhéadú. Dá mbeadh costais níos airde roimh ghnólachtaí mar gheall ar rialacháin, d'fhéadfadh siad athlonnú nó infheistíocht a laghdú in Éirinn, rud a laghdódh fás eacnamaíoch.

	(ii) Tá gar do lánfhostaíocht in Éirinn ó bhí mí Eanáir 2022 ann. Tabhair breac-chuntas ar thionchar dearfach eacnamaíochta amháin agus ar thionchar diúltach eacnamaíochta amháin atá ag an lánfhostaíocht ar gheilleagar na hÉireann. Tionchar dearfach eacnamaíochta: Caighdeán maireachtála níos airde – bíonn ioncaim níos airde mar thoradh ar fhostaíocht mhéadaithe. Fágann sé sin go mbíonn sé ar acmhainn tomhaltóirí níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach, rud a fheabhsaíonn a gcaighdeán maireachtála. Costais chosanta sóisialaí laghdaithe / Ioncam cánach méadaithe – le níos mó oibre, caitheann an rialtas níos lú ar shochair dhífhostaíochta / bailíonn sé níos mó ioncaim ó cháin ioncaim, ó CBL, agus ó chánacha eile. Cuireann sé borradh faoi fhás eacnamaíoch – cuireann fostaíocht níos airde borradh faoi chaiteachas / faoin éileamh comhiomlán. Mar thoradh air sin, méadaítear táirgeadh agus fás eacnamaíoch. Spreagann sé infheistíocht – is dóichí go n-infheisteoidh cuideachtaí ina ngnó nuair a bhíonn an t-éileamh ard agus nuair a bhíonn na dálaí eacnamaíocha cobhsaí. Meon níos fearr ó thomhaltóirí – bíonn níos mó muiníne/sábháilte ag tomhaltóirí nuair a bhíonn leibhéil fostaíochta ard. Mar thoradh air sin, méadaítear an caiteachas, rud a chuireann le cobhsaíocht eacnamaíoch. Laghdú ar an neamhionannas / Níos lú bochtaineachta – tugann níos mó deiseanna fostaíochta deis do raon níos leithne oibrithe ioncam a shaothrú. Cuidíonn sé seo le bearnaí ioncaim a dhúnadh agus leibhéil bhochtaineachta a laghdú. Tionchar diúltach eacnamaíochta: Ganntanas saothair oilte – d’fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag fostóirí oibrithe cáilithe a aimsiú, rud a chuireann bac ar fhás gnó agus d’fhéadfadh bearnaí scileanna i dtionscail thábhachtacha a bheith mar thoradh air. Éilimh phá mhéadaithe – de réir mar a bhíonn ganntanas oibrithe atá ar fáil, b’fhéidir go mbeadh ar ghnólachtaí pá níos airde a thairiscint chun foireann a mhealladh agus a choinneáil. Méadaíonn sé seo costais saothair. Brú ar bhonneagar poiblí / ar sheirbhísí poiblí – d’fhéadfadh plódú san iompar poiblí, ganntanas tithíochta, agus brú ar sheirbhísí cúram sláinte agus oideachais a bheith mar thoradh ar mhéadú fostaíochta. Ganntanas saothair in earnálacha ísealphá – d’fhéadfadh go mbeadh deacracht ag tionscail a thairgeann íosphá, amhail fáilteachas agus miondíol, oibrithe a mhealladh. D’fhéadfadh laghdú ar cháilíocht na seirbhíse nó dúnadh gnólachtaí a bheith mar thoradh air sin. Boilsciú ag ardú – le níos mó saoránach ag saothrú agus ag caitheamh airgid, cuirtear dlús leis an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí. D’fhéadfadh praghsanna níos airde / brú boilscithe méadaithe a bheith mar thoradh air sin. Comhardú íocaíochtaí ag dul in olcas – méadaíonn ioncaim níos airde an t-éileamh ar earraí allmhairithe, rud a d’fhéadfadh comhardú íocaíochtaí na hÉireann a lagú.	6 6
--	--	-------------------

Ceist 15

Freagraí Féideartha

Uas.
Marc

(a)		Tá an Bille Airgeadais (Rochtain ar Bhonneagar Airgid Tirim a Sholáthar) 2024 foilsithe ag an Rialtas. Tá sé mar aidhm leis an mBille a chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach agus leordhóthanach ar airgead tirim ar fáil ar fud na tíre. Ana chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ, (Iúil 24)	
24			
	(i)	An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an mBille Airgeadais (Rochtain ar Bhonneagar Airgid Tirim a Sholáthar) 2024? Léirigh do rogha thíos ag ✓ an mbosca ábhartha agus tabhair údar le do rogha. AONTAÍM: Cinntíonn sé cuimsiú airgeadais – bíonn go leor daoine, go háirithe saoránaigh scothaosta, iad siúd i gceantair thuaithe, agus iad siúd ar ioncam íseal, fós ag brath ar airgead tirim le haghaidh idirbhearta laethúla. Áirithítear leis an mbille nach ndéanfar iad a eisiamh ón ngeilleagar. Tacaíonn sé le gnólachtaí beaga – ní bhíonn rochtain ag gach miondíoltóir beag agus a gach trádálaí margaidh ar chórais íocaíochta cárta inacmhainne. Cuireann rochtain airgid ar a gcumas feidhmiú go héifeachtúil. Laghdaíonn sé spleáchas ar chórais dhigiteacha – d’fhéadfadh go mbeadh teipeanna teicniúla nó cibearionsaithe ag córais íocaíochta digiteacha. Trí airgead tirim a bheith ar fáil mar rogha eile, áirithítear cobhsaíocht eacnamaíoch le linn bristeacha den sórt sin. Cosnaíonn sé príobháideacht tomhaltóirí – ní fhágann íocaíochtaí in airgead tirim lorg digiteach, rud a chabhraíonn le tomhaltóirí a bpríobháideacht a choinneáil / laghdaíonn sé rianú sonraí ag cuideachtaí agus ag institiúidí airgeadais. Feabhsaíonn sé ullmhacht éigeandála – i gcásanna tubaistí nádúrtha nó bristeacha cumhachta forleathana, b’fhéidir nach n-oibreodh íocaíochtaí digiteacha. Coinnítear gníomhaíocht eacnamaíoch le linn géarchéimeanna trí úsáid airgid thirim, m.sh. le linn Stoirm Éowyn (Eanáir), ba mhodh íocaíochta riachtanach é airgead tirim, de thairbhe gur cuireadh isteach go mór ar chórais íocaíochta digiteacha i mórán áiteanna. EASAONTAÍM: Spreagann sé gníomhaíocht choiriúil – is deacra idirbhearta airgid a rianú, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca rath a bheith ag sciúradh airgid, imghabháil cánach agus gníomhaíochtaí mídhleathacha eile. Costais arda cothabhála – teastaíonn infheistíocht agus cothabháil shuntasach ó mheaisíní ATM agus ó bhonneagar láimhseála airgid thirim. D’fhéadfadh sé a bheith costasach do bhainc agus do ghnólachtaí infhaighteacht airgid thirim a choinneáil. Téann sé seo i gcoinne an treochta gan airgead tirim – tá go leor tíortha agus gnólachtaí ag aistriú i dtreo íocaíochtaí digiteacha mar gheall ar a n-áisiúlacht agus a n-éifeachtúlacht. Cuireann an bille seo moill ar aistriú na hÉireann chuig geilleagar gan airgead tirim. Éileamh teoranta ó thomhaltóirí – úsáideann formhór na saoránach in Éirinn íocaíochtaí cárta agus soghluaiste sa lá inniu. Má leantar den laghdú ar an éileamh ar airgead tirim, d’fhéadfadh sé go mbeadh cothabháil an bhonneagair airgid tirim neamhéifeachtach. Tionchar comhshaoil – bíonn lorg carbóin ag baint le hairgead tirim a tháirgeadh agus a iompar. B’fhéidir go mbeadh sé níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol íocaíochtaí digiteacha a spreagadh. Rioscaí slándála méadaithe – méadaíonn láimhseáil airgid thirim an riosca gada do ghnólachtaí, do bhainc agus do shaoránaigh. Feabhsaíonn aistriú i dtreo íocaíochtaí digiteacha slándáil trí na rioscaí a bhaineann le hairgead fisiceach a laghdú.	6

	(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhachtóir a mbíonn tionchar acu ar an méid creidmheasa is féidir le bainc mhiondíola na hÉireann a chruthú. Ionchais eacnamaíocha don todhchaí – má tá bainc mhiondíola dóchasach faoin ionchas eacnamaíoch, b'fhéidir go mbeadh níos mó seans ann go dtabharfaidh siad iasachtaí mar bheadh ag súil leo go n-aisíofadh iasachtaí a n-iasachtaí gan aon fhadhbanna. Má thuarann siad go mbeidh meath eacnamaíoch nó éagobhsaíocht airgeadais ann, féadfaidh siad a bheith níos cúramach faoi mhainneachtainí féideartha agus iasachtaí a laghdú chun an riosca a íoslaghdú. Athruithe ar rátaí úis / ar bheartas airgeadaíochta an BCE – má ardaíonn an BCE rátaí úis, bíonn sé níos costasaí do bhainc mhiondíola airgead a fháil ar iasacht, agus d'fhéadfadh laghdú ar iasachtaí do thomhaltóirí a bheith mar thoradh air sin. Má laghdaíonn an BCE rátaí úis, beidh sé níos saoire do bhainc airgead a fháil ar iasacht, agus d'fhéadfadh méadú ar iasachtaí do thomhaltóirí a bheith mar thoradh air sin. Iomaíocht laistigh den earnáil baincéireachta miondíola – d'fhéadfadh cleachtais iasachta níos déine a bheith mar thoradh ar níos lú iomaíochta laistigh den earnáil. Tá margadh miondíola na hÉireann níos comhchruinnithe le blianta beaga anuas le himeacht Bhanc Uladh agus Bhanc KBC. Cóimheasa cúlchiste bainc cheannais – tagraíonn an Cóimheas Leachtachta Príomhúil (PLR) don chéatadán de thaisc iomlána bainc mhiondíola nach mór dó a shealbhú in airgead tirim nó i sócmhainní an-leachtach, seachas iad a thabhairt ar iasacht. Má thagann méadú ar PLR, laghdaíonn sé an soláthar creidmheasa ó bhainc mhiondíola agus a mhalairt. Cumas na mbanc caipiteal a bhailiú ar mhargaí idirnáisiúnta – Is minic a fhaigheann bainc mhiondíola na hÉireann airgead ar iasacht ó mhargaí airgeadais idirnáisiúnta chun a ngníomhaíochtaí iasachta a mhaoiniú. Má bhíonn dálaí láidre ann sa mhargadh domhanda, is féidir le bainc cistí a bhailiú ar bhealach níos éasca. Méadaíonn sé sin an soláthar creidmheasa. Taisc airgid custaiméirí – má chuireann custaiméirí níos mó airgid i dtaisce, méadaítear cumas an bhainc níos mó creidmheasa a chruthú. Infhaighteacht custaiméirí inchairde – ní dhéanfaidh banc iasachtaí ach amháin do na custaiméirí sin a mheasann sé a bheith inchairde. Má laghdaíonn inchairde, laghdóidh an méid creidmheasa a chruthaítear freisin. (iii) De réir an Irish Times, tá Banc-Aontas Éireann (AIB) ag infheistiú €40 milliún chun beagnach dhá thrian dá líonra 170 brainse a uasghrádú faoi dheireadh na bliana 2025. Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíoch amháin cén fáth a ndéanann AIB an infheistíocht seo. Tugann sé tiomantas d'inhuanaitheacht chomhshaoil / laghdú costais – trína bhrainsí a uasghrádú, is féidir leis an mbanc a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus costais leictreachais, téimh agus fuaraithe a laghdú. Meallann sé / coinníonn sé custaiméirí – trína bhrainsí a uasghrádú, is féidir le AIB seirbhísí níos fearr duine le duine a thairiscint, rud atá tábhachtach fós do go leor custaiméirí i gcás cinntí airgeadais tábhachtacha. Cuidíonn líonra brainse nua-aimseartha le custaiméirí nua a mhealladh, custaiméirí atá ann cheana a choinneáil dílis, agus sástacht láidir chustaiméirí a áirithiú, go háirithe i gceantair thuaithe. Comhlíonann sé beartais an Rialtais – tá infheistíocht AIB ag teacht le beartas rialtas na hÉireann chun rochtain ar airgead tirim agus seirbhísí baincéireachta a choinneáil ar fud na tíre. Trína líonra brainsí a choinneáil láidir, tá AIB ag léiriú a thiomantas do chuimsiú airgeadais agus seachnaíonn sé frithfhreagairt ón bpobal. Tacaíonn sé le comhtháthú digiteach – trí bhrainsí a nuachóiriú, is féidir le AIB teicneolaíocht nua a ionchorprú, amhail bothanna féinseirbhíse agus ardtacaíocht dhigiteach. Feabhsaíonn sé sin éifeachtúlacht agus áirithíonn sé go bhfanann sé cothrom le dáta leis an gcaoi a bhfuil athrú ag teacht ar bhaincéireacht.	2 @ 6 6
--	---	-----------------------

(b)	Taispeántar sa chairt thíos, atá oiriúnaithe ón bPríomh-Oifig Staidrimh, na hathruithe céatadáin bliain ar bhliain in Innéacs Praghsanna Maoine Cónaithe (RPPI) d'Éirinn ó mhí an Mhárta go mí Lúnasa 2024.															
25																
	Athruithe % Bliantúla i bPraghasinnéacs Réadmhaoine Cónaithe (RPPI) na hÉireann Ó Mhárta go Lúnasa 2024 <table><thead><tr><th>Mí</th><th>Athruithe %</th></tr></thead><tbody><tr><td>Márta-24</td><td>7.4%</td></tr><tr><td>Aibreán-24</td><td>7.9%</td></tr><tr><td>Bealtaine-24</td><td>8.5%</td></tr><tr><td>Meitheamh-24</td><td>8.9%</td></tr><tr><td>Iúil-24</td><td>9.6%</td></tr><tr><td>Lúnasa-24</td><td>10.1%</td></tr></tbody></table>	Mí	Athruithe %	Márta-24	7.4%	Aibreán-24	7.9%	Bealtaine-24	8.5%	Meitheamh-24	8.9%	Iúil-24	9.6%	Lúnasa-24	10.1%	
Mí	Athruithe %															
Márta-24	7.4%															
Aibreán-24	7.9%															
Bealtaine-24	8.5%															
Meitheamh-24	8.9%															
Iúil-24	9.6%															
Lúnasa-24	10.1%															
(i)	Ag baint úsáide as na sonraí sa chairt thuas, ríomh an méadú céatadáin ar an RPPI ó mhí an Mhárta 2024 go mí Lúnasa 2024. Taispeáin do chuid oibre go léir. Do chuid oibre: $10.1 - 7.4 = 2.7\%$ $\frac{\text{Lúnasa 2024} - \text{Márta 2024}}{\text{Márta 2024}} \times \frac{100}{1}$ $\frac{10.1 - 7.4}{7.4} \times \frac{100}{1}$ Freagra: 36.48% Bain 1 mharc as easnamh %	8														

(ii)	Tá praghsanna maoine a bhíonn ag ardú ag dul i bhfeidhm ar an margadh saothair in Éirinn. Pléigh dhá éifeacht eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbraíocht thuas ar mhargadh saothair na hÉireann. Soghluaisteacht gheografach laghdaithe oibrithe – tagraíonn soghluaisteacht gheografach saothair don éascaíocht lenár féidir le hoibrithe bogadh ó cheantar amháin go ceantar eile chun críocha oibre. De bharr praghsanna maoine a bhíonn ag ardú, bíonn sé níos deacra d'oibrithe bogadh go ceantair uirbeacha ina bhfuil poist ar fáil, rud a laghdaíonn soghluaisteacht gheografach oibrithe. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le ganntanas oibrithe in earnálacha tábhachtacha amhail fáilteachas, miondíol, oideachas, cúram sláinte, tógáil, teicneolaíocht srl., áit nach mbeadh sé ar acmhainn oibrithe maireachtáil in aice lena n-ionaid oibre. Éilimh phá mhéadaithe – de réir mar a éiríonn tithíocht níos costasaí, féadfaidh oibrithe pá níos airde a éileamh chun a gcostais mhaireachtála a chlúdach. Méadaíonn sé seo costais ghnó, go háirithe in earnálacha a bhfuil ardfhostaíocht uirbeach iontu, amhail miondíol agus fáilteachas. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le boilsciú a bhíonn ag ardú. Ganntanas scileanna / Eisimirce – d'fhéadfadh costais arda tithíochta oibrithe oilte a spreagadh chun fostaíocht a lorg thar lear i dtíortha ina bhfuil costais mhaireachtála níos ísle. Cuirfidh sé seo le ganntanas scileanna in Éirinn. D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag fostóirí tallann idirnáisiúnta a mhealladh, rud a laghdaíonn leibhéil nuálaíochta agus leathnú gnó. Méadú ar chomaitéireacht / Táirgiúlacht laghdaithe – d'fhéadfadh oibrithe rogha a dhéanamh maireachtáil níos faide ó ionaid uirbeacha chun go mbeidh tithíocht ar a n-acmhainn, rud a fhágann go mbíonn amanna taistil níos faide ann. Laghdaíonn amanna méadaithe comaitéireachta táirgiúlacht oibrithe, méadaíonn sé strus, agus laghdaíonn sé sástacht fhoriomlán sa phoist. Róphlódú – d'fhéadfadh níos mó oibrithe dul i muinín lóistín plódaithe, agus caighdeáin mhaireachtála níos ísle mar thoradh air sin. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar fadtéarmach aige ar shláinte / ar fholláine, agus tionchar indíreach ar tháirgiúlacht oibrithe. Tionchar ar fhiontraíocht agus ar ghnólachtaí beaga - mar gheall ar phraghsanna maoine a bhíonn ag ardú, tá sé níos costasaí do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí nuathionscanta oibriú i gceantair uirbeacha. Le cíosa tráchtála agus costais tithíochta níos airde, ní spreagtar fiontraíocht, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh deacracht ag úinéirí gnó costais phearsanta agus ghnó a íoc. D'fhéadfadh sé seo cruthú post a laghdú agus nuálaíocht i gceantair uirbeacha a lagú. B'fhéidir go mbeadh ar ghnólachtaí athlonnú go ceantair níos inacmhainne chun costais a laghdú. D'fhéadfadh go mbeadh athruithe i bpatrúin fostaíochta mar thoradh air agus d'fhéadfadh sé cur le sraoilleáil uirbeach, de réir mar a aistríonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha amach ó lár na gcathracha.. Níos mó spleáchais ar obair chianda – de réir mar a éiríonn praghsanna tithe agus cíosa ró-ard i gcathracha, d'fhéadfadh níos mó oibrithe socruithe oibre cianda nó hibrideacha a éileamh chun costais arda tithíochta / turais fhada chuig an obair a sheachaint. D'fhéadfadh ganntanas oibrithe níos leanúnaí a bheith in earnálacha a bhfuil láithreachas fhisiciúil ag teastáil uathu (m.sh., miondíol, cúram sláinte, fáilteachas) agus, dá bhrí sin, bheadh sé níos deacra ról riachtanacha a líonadh i gceantair uirbeacha. Leathnú an chrios comaitéireachta – d'fhéadfadh oibrithe achair chomaitéireachta a shíneadh trí aistriú go ceantair bhrúachbhailte nó thuaithe atá níos inacmhainne. D'fhéadfadh sé seo amanna comaitéireachta a mhéadú, as a dtagann laghdú ar tháirgiúlacht / brú ar bhonneagar iompair. Méadú ar fhostaíocht neamhfhoirmiúil – chun déileáil le praghsanna maoine a bhíonn ag ardú, d'fhéadfadh roinnt oibrithe a bhrath gur gá dóibh obair pháirtaimseartha bhreise / poist sa gheilleagar poistíneachta / obair sa scáthgheilleagar a ghlacadh. Cé go bhféadfadh sé seo cabhrú le hioncam a fhorlíonadh sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú slándála poist agus níos lú cosaintí airgeadais fadtéarmacha mar thoradh air freisin.	2 @ 6
------	---	-------

	(iii) I mBuiséad 2025, chinn an rialtas go gcuirfeadh sé le faoiseamh úis morgáiste. do cháiníocóirí a íocann níos mó in ús morgáiste sa bhliain 2024 ná mar a d'íoc siad sa bhliain 2022. (Is faoiseamh cánach é faoiseamh úis morgáiste ar an ús a íoctar i mbliain ar iasacht morgáiste cháilitheach). An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an gcinneadh seo? Cuir tic () sa bhosca cuí chun do rogha a chur in iúl agus cosain do rogha. AONTAÍM: Cuidíonn sé le húinéirí tí le costais níos airde – tháinig méadú suntasach ar rátaí úis sa bhliain 2023 agus sa bhliain 2024. Mar thoradh air sin, rinne morgáistithe aisíocaíochtaí níos airde. Cuidíonn an faoiseamh úis leo siúd atá ag streachailt leis na costais níos airde sin. Tacaíocht spriocdhírthe – níl an faoiseamh seo ach dóibh siúd a raibh méadú tagtha ar a n-ús morgáiste sa bhliain 2024 i gcomparáid leis an mbliain 2022. Ciallaíonn sé seo go gcabhraíonn sé go díreach leo siúd is mó a ndearnadh an damáiste dóibh. Tacaíonn sé le saothraithe meánioncaim – is iad formhór na saothraithe meánioncaim is mó a mbíonn tionchar ag costais mhéadaitheacha morgáiste orthu. Cuireann an faoiseamh tacaíocht airgeadais ar fáil dóibh siúd nach bhféadfadh a bheith incháilithe le haghaidh cúnamh tithíochta eile. Cuireann sé cosc ar riaráistí morgáiste / athshealbhú – gan an faoiseamh úis, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag roinnt morgáistithe / úinéirí tí a morgáiste a íoc. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le híocaíochtaí caillte nó fiú lena dtithe a chailleadh. Spreagann sé caiteachas sa gheilleagar – má fhaigheann sealbhóirí morgáiste faoiseamh cánach, bíonn ioncaim indiúscartha níos airde acu le caitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí. Cuidíonn sé seo le gnólachtaí agus tacaíonn sé le fás eacnamaíoch. Cuidíonn sé le margadh na tithíochta a chobhsú – má bhíonn deacrachtaí ag úinéirí tí a morgáistí a íoc, d'fhéadfadh méadú a bheith ar dhíolacháin éigeantacha, rud a d'fhéadfadh éagobhsaíocht a chruthú sa mhargadh tithíochta. EASAONTAÍM: Ní chuidíonn sé ach le roinnt saoránach – ní chuidíonn an faoiseamh ach le húinéirí tí a bhfuil morgáistí acu, agus ní fhaigheann cíosaíthe, a bhfuil costais mhéadaitheacha rompu freisin, aon tairbhe ón scéim. Téann sé chun tairbhe níos mó do dhaoine a shaothraíonn níos mó freisin, toisc go mbíonn ioncaim níos airde de ghnáth ag daoine a bhfuil morgáistí níos mó acu. Idir an dá linn, ní fhaigheann daoine a bhfuil morgáistí níos lú acu nó iad siúd a bhfuil a n-iasachtaí íoctha go hiomlán acu mórán tacaíochta, más ann dóibh ar chor ar bith. D'fhéadfaí caiteachas an rialtais a úsáid in áiteanna eile – d'fhéadfaí na cistí a chaitear ar fhaoiseamh úis morgáiste a úsáid le haghaidh tacaíochtaí tithíochta eile, amhail níos mó tithe sóisialta a thógáil nó creidmheasanna cánach cíosa a mhéadú. D'fhéadfadh méadú ar phraghsanna tithíochta a bheith mar thoradh air – má bhíonn súil ag saoránaigh go leanfaidh an rialtas d'fhaoiseamh úis morgáiste a thairiscint, d'fhéadfadh sé sin iasachtaí níos airde a spreagadh agus praghsanna tithe a bhrú níos airde fós. Réiteach sealadach – cuidíonn an beart seo sa ghearrthéarma, ach ní réitíonn sé an fhadhb bhunúsach maidir le rátaí úis arda morgáiste agus inacmhainneacht tithíochta san fhadtéarma. Ceist chothroime – d'fhéadfadh roinnt cáiníocóirí a bheith den tuairim go bhfuil sé éagórach go bhfuil cistí poiblí á n-úsáid chun tacú le húinéirí tí seachas na cistí a scaipeadh go cothrom ar fud na sochaí.	5
--	---	---

(c)	Is í an tosaíocht anois ná bonneagar a chumasú chun freastal ar riachtanais mheántéarmacha ár ngeilleagair.	
26		
	An tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta Sunday Business Post, Deireadh Fómhair 2024 (i) Mínigh an téarma eacnamaíoch bonneagar poiblí agus léirigh do fhreagra le sampla. Bonneagar Poiblí: Tagraíonn bonneagar poiblí d'áiseanna agus seirbhísí riachtanacha a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíoch agus a fheabhsaíonn saolta na saoránach. De ghnáth, is é an rialtas a mhaoiníonn agus a chothaíonn é ach d'fhéadfadh comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha (PPPanna) a bheith i gceist leis freisin (áit a gcomhoibríonn cuideachtaí príobháideacha leis an rialtas chun bonneagar a mhaoiniú, a thógáil agus a oibriú). Aon sampla ábhartha: Tá córas soláthair uisce poiblí na hÉireann, faoi bhainistiú ag Uisce Éireann, ar comhlacht leathstáit é. Cuireann sé seirbhísí riachtanacha ar fáil do theaghlaigh agus do ghnóilachtaí trí rochtain ar uisce glan a áirithiú, rud a thacaíonn le sláinte an phobail agus le gníomhaíocht eacnamaíoch. Tá ospidéal phoiblí amhail Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo mar chuid de chóras cúram sláinte na hÉireann atá maoinithe go poiblí. Cuireann ospidéal den sórt sin seirbhísí leighis riachtanacha ar fáil, tacaíonn siad le sláinte an daonra agus áirithíonn siad go mbíonn lucht saothair na tíre táirgiúil i gcónaí. Tá stáisiúin na nGardaí á maoiniú agus á n-oibriú ag rialtas na hÉireann. Is bonneagar ríthábhachtach iad a thacaíonn le forfheidhmiú an dlí. Áirithíonn siad sábháilteacht an phobail, rud atá ríthábhachtach do gheilleagar cobhsaí/feidhmiúil. Is leis an stát líonra iarnróid Iarnród Éireann agus soláthraíonn sé iompar poiblí ríthábhachtach. Laghdaíonn sé brú tráchta agus tacaíonn sé le gníomhaíocht eacnamaíoch trí chathracha agus ceantair thuaithe ar fud na hÉireann a nascadh.	6

	(ii) Pléigh dhá dhúshlán féideartha do gheilleagar na hÉireann, mura leor caiteachas an rialtais ar bhonneagar fadtéarmach. Fás eacnamaíoch laghdaithe – tá bonneagar amhail iompar, leathanbhanda agus fónais riachtanach le haghaidh éifeachtúlachta gnó. Méadaíonn infheistíocht neamhleor costais, laghdaíonn sí táirgiúlacht, agus díspreagann sí infheistíocht intíre agus eachtrach araon. M.sh. Cuireann brú tráchta ar mhótarbhealach an M50 moill ar ghluaiseacht earraí agus oibrithe. Cuireann sé sin bac ar tháirgiúlacht agus ar fhás eacnamaíoch. Míchothromaíochtaí réigiúnacha ag dul in olcas – leathnaíonn easpa infheistíochta i mbonneagar an bhearna idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe. Gan iompar iontaofa, leathanbhanda, nó fónais, beidh sé deacair ar réigiúin thuaithe gnólachtaí agus oibrithe a mhealladh, rud a fhágann go mbeidh forbairt réigiúnach neamhchothrom. M.sh. Cuireann easpa leathanbhanda ardluais ar fud na gceantar tuaithe teorainn le cianobair agus le deiseanna gnó. Géarchéim tithíochta ag dul in olcas – laghdóidh infheistíocht neamhleor i dtithíocht shóisialta an soláthar tuilleadh, rud a ardaíonn praghsanna agus cíós. Laghdaíonn sé sin inacmhainneacht / soghluaisteacht oibrithe / cuireann sé brú aníos ar phá. M.sh. Tá sé deacair do ghnólachtaí oibrithe a mhealladh agus a choinneáil mar gheall ar an nganntanas tithíochta ainsealach atá in Éirinn, rud a chuireann bac ar fhás eacnamaíoch agus ar infheistíocht. Iomaíochas ag dul i laghad – méadaíonn droch-bhonneagar costais do ghnólachtaí agus ní bhíonn Éire chomh tarraingteach sin maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI). D’fhéadfadh cuideachtaí athlonnú go tíortha a bhfuil bonneagar níos fearr acu. M.sh. Cuireann áiseanna calafoirt agus bóithre neamhleora bac ar thrádáil, rud a dhéanann damáiste d’fheidhmíocht onnmhairithe na hÉireann. Spricanna comhshaoil i mbaol – gan tuilleadh infheistíochta i mbonneagar inbhuanaithe, amhail iompar poiblí glas agus fuinneamh in-athnuaite, d’fhéadfadh sé nach mbeadh Éire in ann spricanna aeráide a bhaint amach. D’fhéadfadh damáiste fadtéarmach don chomhshaol agus fíneálacha an-suntasach AE a bheith mar thoradh air seo. Brú méadaithe ar sheirbhísí poiblí – bíonn plódú, amanna feithimh níos faide agus laghdú ar cháilíocht na seirbhíse mar thoradh ar easpa infheistíochta i sláinte, in oideachas agus in iompar. Laghdaíonn sé seo táirgiúlacht agus cáilíocht na beatha. M.sh. D’fhéadfadh fás daonra a bheith ina chúis le hospidéil agus scoileanna plódaithe, rud a laghdaíonn cáilíocht an chúraim sláinte agus an oideachais sa tír. Fágann sé seo go bhfuil sé níos deacra lucht saothair oilte agus sláintiúil a fhorbairt, rud a laghdaíonn fás eacnamaíoch. Costais níos airde amach anseo – méadaíonn moill ar thionscadail bonneagair costais san fhadtréimhse. Bíonn sé níos costasaí bonneagar atá ag dul in aois a dheisiú, agus méadaíonn deisiúcháin éigeandála fiachas an rialtais. M.sh. Tá moilleanna leanúnacha ar thógáil Ospidéal Náisiúnta na Leanaí tar éis costais a mhéadú go suntasach, agus tá an tionscadal na billiúin euro thar an mbuiséad anois. Tionscal turasóireachta lagaithe – braitheann an tionscal turasóireachta ar bhonneagar dea-chothabháilte amhail aerfoirt, bóithre agus láithreacha cultúrtha. Déanann drochleibhéil infheistíochta damáiste do chumas na hÉireann turasóirí a mhealladh agus a choinneáil. M.sh. Tá plódú, moilleanna ar eitiltí agus droch-naisc iompair phoiblí mar thoradh ar mhoilleanna ar uasghrádú áiseanna Aerfort Bhaile Átha Cliath.	2 @ 5
--	---	---------------------

(iii) Léiríonn na sonraí thíos leibhéal chaiteachais rialtas na hÉireann do na blianta 2015, 2019 agus 2025 (réamhaisnéisithe).

Bliain	2015	2019	2025 ^f
Caiteachas Rialtais	€54 billiún	€67 billiún	€105.4 billiún

Arna chur in oiriúint ón Roinn Airgeadais

Mínigh dhá chúis eacnamaíocha leis an méadú suntasach ar chaiteachas an rialtais ón mbliain 2015 go dtí an figiúr réamh-mheasta don bhliain 2025, seachas caiteachas ar bhonneagar.

Freagairt ar phaindéim Covid-19 – thug an rialtas isteach scéimeanna tacaíochta éigeandála amhail an Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (PUP) agus fóirdheontais pá gnó. Méadaíodh caiteachas ar chúram sláinte chun an ghéarchéim a bhainistiú, agus caiteachas airgeadais fadtéarmach ann ar acmhainn ospidéal agus ar bhearta sláinte poiblí.

Fás daonra / Daonra ag dul in aois – Tá daonra na hÉireann tar éis fás go suntasach agus tá méadú tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí poiblí amhail cúram sláinte, oideachas agus leas sóisialta. Mar thoradh ar dhaonra atá ag dul in aois in Éirinn, tá caiteachas rialtais níos airde ar phinsin, ar chúram sláinte do dhaoine scothaosta agus ar áiseanna cúraim fhadtéarmaigh.

Costais chúram sláinte ag ardú – tá méadú tagtha ar chostais chúram sláinte mar gheall ar mhéaduithe pá d’oibrithe cúram sláinte, infheistíocht i gcóireálacha leighis nua, agus leathnú áiseanna ospidéal. Tá tionchar fadtéarmach Covid-19 tar éis caiteachas leanúnach ar bhonneagar cúram sláinte agus ar thionscnaimh sláinte poiblí a thiomáint freisin.

Cosaint shóisialta / Tacaíochtaí ioncain – mhéadaigh an rialtas íocaíochtaí pinsin, sochar leanaí, cúnamh tithíochta agus sochair dhífhostaíochta. Mar thoradh ar bhoilsciú atá ag ardú agus brúnna costais maireachtála, tá idirghabhálacha breise rialtais ann amhail fóirdheontais fuinnimh agus tacaíochtaí airgeadais díreacha do theaghlaigh.

Comhaontuithe pá san earnáil phoiblí / Fás i lucht saothair na hearnála poiblí – tá méadú tagtha ar chostas na gcomhaontuithe pá san earnáil phoiblí, go háirithe do mhúinteoirí, d’oibrithe cúram sláinte, do na Gardaí agus do státseirbhísigh. Tá méadú tagtha ar chostais phárolla mar gheall ar fhostú méadaithe i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte agus san oideachas.

Idirghabhálacha Tithíochta / Easpa Dídine – infheistíocht mhéadaithe i dtithíocht shóisialta, scéimeanna cúnaimh cíosa (m.sh., Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta – HAP), agus tionscnaimh chun líon na ndaoine gan dídean a laghdú. Tá méadú tagtha ar idirghabháil an rialtais sa mhargadh tithíochta mar fhreagairt ar ardú cíosa agus ganntanas tithíochta inacmhainne atá ar fáil.

Boilsciú / Costas méadaitheach seirbhísí poiblí – tá méadú tagtha ar chostas seachadta seirbhísí poiblí de bharr boilscithe, lena n-áirítear íocaíochtaí leasa shóisialaigh, cúram sláinte agus oideachas. Tá pá agus sochair na hearnála poiblí coigeartaithe chun coinneáil suas leis an mboilsciú, rud a mhéadaigh caiteachas an rialtais tuilleadh.

2 @ 5

Gealltanais bheartais AE / Gníomhaithe ar son na haeráide – Tá Éire faoi cheangal dlíthiúil spriocanna aeráide an AE a chomhlíonadh, rud a d'fhág go bhfuil méadú tagtha ar chaiteachas rialtais ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite, dreasachtaí feithiclí leictreacha, agus cláir laghdaithe carbóin. Maoiníonn an rialtas tionscnaimh freisin chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i dtithe agus i ngnólachtaí, chomh maith le deontais a sholáthar le haghaidh aistriú chuig teicneolaíochtaí níos glaise. Tá maoiniú breise rialtais ag teastáil chun rialacháin an AE maidir le cosaint an chomhshaoil, bainistíocht dramhaíola agus laghdú astaíochtaí a chomhlíonadh.

Caiteachas méadaithe ar inimirce / tacaíocht dhaonnúil – tá tacaíocht airgeadais do dhídeanaithe agus cúnamh daonnúil, go háirithe do dhídeanaithe Úcránacha faoi Scéim Cosanta Shealadach na hÉireann, tar éis cur le caiteachas an rialtais. Áirítear air sin tithíocht, cúram sláinte, oideachas, agus íocaíochtaí coimirce sóisialta.

Caiteachas méadaithe ar chosaint/shlándáil – tá gealltanais tugtha ag an rialtas go méadófar an caiteachas ar chosaint, ar chibearshlándáil agus ar shlándáil náisiúnta mar fhreagairt ar bhagairtí domhanda atá ag teacht chun cinn. Tá infheistíocht i nuachóiriú fhórsaí cosanta na hÉireann agus in uasghrádú trealamh tar éis cur le caiteachas rialtais níos airde. Tá méadú tagtha ar mhaoiniú cibearshlándála chun an bonneagar náisiúnta a chosaint ar bhagairtí digiteacha agus ar chibearionsaithe.

Ceist 16

Freagraí Féideartha

**Uas.
Marc**

(a)

Taispeántar sa tábla thíos an t-aschur laethúil agus na costais táirgthe do bheár caoineog agus sú i Sligeach.

25

Aschur de Chaoineoga	Sócmhainn Sheasta Costas (€)	Costas Athraitheach (€)	Iomlán Costas (€)	Measartha Costas (€)
0	60	0	60	—
20	60	A	70	3.50
40	60	30	90	2.25
60	60	55	115	B

- (i)** Comhlánaigh an costas athraitheach agus an meánchostas, lipéadaithe mar A agus B, sa tábla thíos. **Taispeáin do chuid oibre ar fad.**

6

Lipéad A (Costas Athraitheach) Obair:

$$\begin{array}{rclcl} \text{Costas iomlán lúide} & - & \text{Costas seasta} & = & \text{Costas athraitheach} \\ \text{€70} & - & \text{€60} & = & \text{€10} \end{array}$$

Lipéad B (Meánchostas) Obair:

$$\text{Meánchostas} = \frac{\text{Costas iomlán lúide}}{\text{Aschur de Chaoineoga}}$$

$$\text{Meánchostas} = \frac{\text{€115}}{60}$$

$$\text{Freagra} = \text{€1.92}$$

- (ii)** Má ghearrann ionad díolacháin €4.00 ar chaoineog úr, ríomh an brabús a thuilleann sé má dhíolann sé 40 caoineog in aghaidh an lae. **Taispeáin do chuid oibre go léir.**

5

Do chuid oibre:

$$\begin{array}{rclcl} \text{Ioncam:} & & \text{€4.00} \times 40 \text{ caoineog} & = & \text{€160} \\ \text{Lúide} & & & & \\ \text{Costas iomlán le haghaidh 40 caoineog:} & & & & \text{€90} \\ \text{BRABÚS} & & & & \text{€70} \end{array}$$


	(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chuspóir a d'fhéadfadh úinéir an bheáir caoineog agus sú a shaothrú seachas uasmhéadú brabúis. Cosc a chur ar idirghabháil rialtais – féadfaidh beár caoineog atá dírithe ar uasmhéadú brabúis amháin gníomhartha a dhéanamh a d'fhéadfadh an riosca a mhéadú go dtarlódh idirghabháil rialtais. Is dócha go mbeidh fineálacha sábháilteachta bia, imscrúduithe fostaíochta, nó fiú dúnadh sealadach mar thoradh ar chostais a ghearradh ró-ionsaitheach, amhail neamhaird a dhéanamh de chaighdeán sláinteachais, nó foireann a íoc go híseal. Chun idirghabháil rialtais a sheachaint, féadfaidh an gnólacht rogha a dhéanamh chun cothromaíocht a bhaint amach idir uasmhéadú brabúis agus comhlíonadh agus cleachtais ghnó freagracha. Gnólachtaí nua isteach a dhíspreagadh/ Teorainn a chur le praghsáil – má choinníonn an t-úinéir praghsanna íseal, d'fhéadfadh sé sin iomaitheoirí nua a dhíspreagadh i ndáil le dul isteach sa mhargadh caoineog áitiúil. Féadfaidh an t-úinéir dílseacht láidir custaiméirí a chothú freisin trí chlár luaíochtaí, lascainí mac léinn, nó biachlár eisiach. Fágann sé seo go bhfuil sé níos deacra d'iontrálaí nua custaiméirí a mhealladh. Trí phraghsanna a choinneáil níos ísle sa ghearrthéarma, íobairtíonn an gnó brabúis ghearrthéarmacha ach áiríthíonn sé ceannas margaidh go fadtéarmach. Sciar den mhargadh a mhéadú – in ionad díriú ar bhrabúis amháin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé mar aidhm ag an úinéir an oiread caoineog agus is féidir a dhíol, d'fhonn bonn custaiméirí mór a thógáil. M.sh. Feachtais phromóisin a réachtáil, margaí a thairiscint do ghiomnáisiam/scoileanna/ionaid oibre áitiúla, blasanna nua a thabhairt isteach, seirbhís seachadta áitiúil a sheoladh. Trí mhéid díolacháin a mhéadú, féadfaidh an gnólacht barainneachtaí scála a ghiniúint, rud a laghdaíonn costais in aghaidh an aonaid go fadtéarmach. Brabúis leordhóthanacha a choinneáil – B'fhéidir gur fearr leis an úinéir brabúis chobhsaí, inbhuanaithe seachas a bheith i gcónaí ag iarraidh brabúis a uasmhéadú. M.sh. praghsanna cothroma a choinneáil chun bonn custaiméirí dílis a choinneáil seachas leas a bhaint as éileamh gearrthéarmach / brabúis a athinfheistiú i bhfeabhsú an tsiopa (m.sh., cumascóirí níos fearr a cheannach, suíocháin a uasghrádú, nó an roghchlár a leathnú) / díriú ar chothromaíocht níos fearr idir an obair agus an saol trína áirithiú nach bhfuil réachtáil an ghnólachta ró-strusmhar agus an gnólacht brabúsach i gcónaí. Seasamh le freagracht eiticiúil agus shóisialta – d'fhéadfadh beár caoineog uasmhéadú brabúis fhoircneach a sheachaint chun cleachtais ghnó eiticiúla a choinneáil agus íomhá phoiblí dhearfach a choinneáil. D'fhéadfadh díolacháin sheasta fhadtéarmacha a bheith mar thoradh air sin seachas méaduithe tobanna gearrthéarmacha i mbrabúis. M.sh. Comhábhair chóirthrádála a fhoinsiú, tacú le feirmeoirí áitiúla, nó pacáistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid.	2 @ 7
--	---	--------------

(b)	(i)	Is féidir díbharainneachtaí scála a bheith ag miondíoltóirí i margadh caoineog úr na hÉireann. Mínigh an téarma díbharainneachtaí scála agus tabhair breac-chuntas ar shampla amháin a d'fhéadfadh a bheith ag miondíoltóir a dhéanann caoineoga úra.	9
25		Díbharainneachtaí Scála: Is éard is díbharainneachtaí scála ann ná tosca a fhágann go dtagann ardú ar an meánchostas táirgeachta atá ag gnólacht de réir mar a mhéadaíonn an gnólacht sin nó an earnáil ina bhfuil sé / de réir mar a mhéadaíonn an t-aschur. Sampla: Díbharainneachtaí bainistíochta – de réir mar a leathnaíonn an beár caoineog ó thaobh scála de, éiríonn cumarsáid idir an fhoireann agus an bhainistíocht níos deacra. D'fhéadfadh coimhlint a bheith ann idir leasanna na n-oibrithe agus na bainistíochta agus fadhbanna caidrimh thionsclaíoch mar thoradh air sin. Ní mór níos mó ama/airgid a chaitheamh ar mhaoirseoirí a fhostú, rud a fhágann go mbeidh costais níos airde ann in aghaidh an aonaid. Fadhbanna slabhra soláthair / stórála – Is féidir le miondíoltóir beag caoineog torthaí úra a cheannach go háitiúil, ach b'fhéidir go mbeadh ar ghnólacht níos mó orduithe a dhéanamh ar an mórchoir. D'fhéadfadh costais stórála níos airde a bheith mar thoradh air sin i gcás torthaí solofa. Méadú ar an dramhail má bhíonn an t-éileamh níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis Costais saothair níos airde – bíonn gá le níos mó maoirseoirí agus oiliúint bhreise mar thoradh ar níos mó fostaithe, rud a chuireann leis na costais. I ngnólachtaí níos mó, d'fhéadfadh níos lú spreagtha a bheith ag oibrithe. Is cúis le coimhlint san ionad oibre é seo / laghdaíonn sé táirgiúlacht / méadaíonn sé ráta athraithe foirne. Cíos / forchostais mhéadaithe – beidh costais cíosa níos airde mar thoradh ar leathnú isteach i gceantair ina bhfuil níos mó custaiméirí, amhail ionad siopadóireachta, mura bhfásann díolacháin ag an ráta céanna. Mar thoradh ar líon na n-ionad díolacháin caoineog a mhéadú, beidh costais níos airde leictreachais, uisce agus cothabhála trealaimh ann. Cinnteoireacht níos moille – is féidir le húinéir beáir caoineog aonair blas nua a thabhairt isteach go tapa nó praghsanna a choigeartú. I ngnólacht níos mó, ní mór cinntí a ghabháil trí roinnt leibhéal formheasa, rud a chuireann moill ar nuálaíocht/ar fhreagairtí ar éileamh custaiméirí. Speisialtóireacht saothair / Roinnt saothair – de réir mar a leathnaíonn an miondíoltóir caoineog, féadfar tascanna athchleachtacha a shannadh d'oibrithe, amhail torthaí a ghearradh nó caoineoga a chumasc agus na tascanna sin amháin. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le leadrán, laghdú ar spreagadh agus cáilíocht oibre níos ísle. D'fhéadfadh botúin a mhéadú, agus d'fhéadfadh ráta athraithe foirne a mhéadú, rud a fhágann go mbeidh costais earcaíochta agus oiliúna níos airde.	

- (ii) Taispeántar sa léaráid thíos, atá críochnaithe go páirteach, conas a athraíonn costais beáir caoineog de réir mar a leathnaíonn sé a oibríochtaí le himeacht ama.

Comhlánaigh an léaráid le trí chuar meánchostais ghearrthéarmacha (SRAC) eile chun a thaispeáint conas a thógtar an cuar mheánchostas fadtéarmach (LRAC). Lipéadaigh do léaráid go hiomlán.

Mínigh cruth an chuair LRAC atá tarraingthe agat sa spás atá curtha ar fáil thíos.



Míniú:

Cuid den LRAC atá ag claonadh anuas

Léiríonn an chuid den chuar Mheánchostas Fadtéarmach (LRAC) atá ag claonadh anuas, ó Q_1 go Q_3 , go bhfuil **barrainneachtaí scála** níos ceannasaí ná díbharrainneachtaí scála. D'fhéadfaí trealamh níos speisialaithe a úsáid, rud a chabhraíonn le costais a laghdú go fadtéarmach.

Cuid den LRAC atá ag claonadh aníos

Léiríonn an chuid den chuar Mheánchostas Fadtéarmach (LRAC) atá ag claonadh aníos i ndiaidh Q_3 go bhfuil **díbharrainneachtaí scála** níos ceannasaí ná barrainneachtaí scála. Sampla eile de dhíbharraineacht scála seachas an ceann a luadh i (b) (i) thuas.

8

SRAC x 3
Lipéid x 3

LRAC x 1
Lipéad x 1

8

	Deontais Oiliúna / Forbartha Scileanna – soláthraíonn siad maoiniú chun oiliúint a chur ar fhoirne i réimsí amhail seirbhís do chustaiméirí, bainistíocht, scileanna digiteacha, nó bainistiú airgeadais. Cabhróidh scileanna feabhsaithe le gnólachtaí fáilteachais feidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos iomaíche. Scéim tacaíochta cíosa – fóirdheontais cíosa sealadacha a thabhairt isteach nó tiarnaí talún a spreagadh chun laghduithe cíosa a thairiscint trí dhreasachtaí cánach a sholáthar dóibh. Laghdóidh cíosanna níos ísle costais go suntasach, go háirithe do ghnólachtaí fáilteachais i suíomhanna costasacha. Athchóiriú/tacaíocht árachais – athchóiriú a dhéanamh ar mhargadh an árachais trí rialacháin níos láidre a thabhairt isteach chun costais phréimheanna a laghdú. Is ualach suntasach faoi láthair ar ghnólachtaí fáilteachais iad costais arda árachais. Chuideodh laghdú ar na costais seo go díreach le brabúsacht. Ceadúnú/rialáil níos simplí – ualaí riaracháin a laghdú trí nósanna imeachta ceadúnaithe/ceanglais chomhlíonta do ghnólachtaí fáilteachais a shimpliú. Laghdóidh níos lú maorlathais costais agus déanfaidh sé an t-oibriú níos éasca. Tacaíocht spriocdhírthe do ghnólachtaí tuaithe/séasúracha – tacaíochtaí airgeadais spriocdhírthe nó dreasachtaí a thabhairt isteach go sonrach do ghnólachtaí fáilteachais i gceantair thuaithe nó i gceantair thurasóireachta séasúracha. Is minic a bhíonn brúnna airgeadais uathúla roimh na gnólachtaí seo mar gheall ar éileamh séasúrach/luaineach.	
(ii)	Sa ghearrthéarma, féadfaidh cuideachta fanacht i mbun gnó fiú má tá caillteanas á dhéanamh aici. Mínigh brí an ráitis seo. Fiú má bhíonn gnólacht neamhbhrabúsach, ba chóir dó leanúint ar aghaidh ag feidhmiú sa ghearrthéarma má tá a ioncam iomlán (TR) níos mó ná a chostais athraitheacha iomlána (TVC) / má tá a mheánioncam (AR) níos mó ná a mheánchostais athraitheacha (AVC). Tá sé seo amhlaidh toisc go gcabhraíonn aon ioncam os cionn na gcostas athraitheach le costais sheasta ¹a fhritháireamh. Beidh caillteanais na cuideachta ó leanúint ar aghaidh ag feidhmiú níos lú ná na caillteanais a thabhódh sí dá ndúnfadh sí síos go hiomlán.	5

	(iii) Tá fiontraíocht lárnach i bhfás agus i rathúnas eacnamaíoch leathan na hÉireann. Arna chur in oiriúint ón OECD Pléigh dhá chúis cén fáth a bhfuil fiontraíocht tábhachtach don fhorbairt leanúnach ar gheilleagar na hÉireann. Cruthaíonn sé fostaíocht – fostaíonn fiontraithe daoine chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Laghdaíonn sé seo dífhostaíocht agus maolaíonn sé an brú ar an rialtas i ndáil le poist a chruthú. Eagraíonn sé táirgeadh – tugann fiontraithe acmhainní (talamh, saothar agus caipiteal) le chéile go héifeachtúil, ag comhordú táirgeadh earraí agus seirbhísí atá riachtanach don gheilleagar. Cinneann sé cad a tháirgtear – cinneann fiontraithe cad iad na hearraí agus na seirbhísí atá le táirgeadh bunaithe ar réamhaisnéisí ar éileamh tomhaltóirí. Bíonn tionchar aige sin ar raon na dtáirgí atá ar fáil. Spreagann sé infheistíocht agus nuálaíocht – infheistíonn fiontraithe airgead agus saineolas ina ngnólachtaí, ag tiomáint nuálaíochta agus ag spreagadh daoine eile chun infheistíocht a dhéanamh, rud a fhágann go mbíonn fás eacnamaíoch ann. Soláthraíonn sé ioncam cánach – gineann gníomhaíochtaí fiontraíochta brabúsacha ioncam trí cháin ioncaim, CBL agus cáin chorparáide, rud a sholáthraíonn cistí riachtanacha do chaiteachas an rialtais. Cuireann sé borradh faoi onnmhairí – cuidíonn fiontraithe a onnmhairíonn táirgí le comhardú íocaíochtaí na hÉireann a fheabhsú, trí airgead a thabhairt isteach sa gheilleagar agus barrachas a chruthú nuair a sháraíonn onnmhairí allmhairí. Cruthaíonn sé ioncam agus saibhreas – gineann fiontraithe rathúla ioncam agus tógann siad sócmhainní, rud a mhéadaíonn an caighdeán maireachtála dóibh féin agus do dhaoine eile. Tacaíonn sé le forbairt réigiúnach – is minic a bhunaíonn fiontraithe gnólachtaí i réigiúin éagsúla. Scaipeann sé seo fás eacnamaíoch ar fud na tíre agus laghdaíonn sé an neamhionannas idir cathracha amhail Baile Átha Cliath agus ceantair thuaithe. Laghdaíonn sé spleáchas ar chuideachtaí ilnáisiúnta – trí earnáil fiontraíochta láidir Éireannach a fhás, ní bhíonn an geilleagar chomh spleách céanna ar chuideachtaí ilnáisiúnta atá faoi úinéireacht eachtrach. Cuidíonn sé seo le geilleagar na hÉireann a chosaint dá laghdódh cuideachtaí ilnáisiúnta a n-oibríochtaí in Éirinn. Feabhsaíonn sé caighdeán mhaireachtála – cuireann fiontraithe táirgí nuálacha, seirbhísí feabhsaithe agus rogha níos mó do thomhaltóirí ar fáil. Ardaíonn sé seo caighdeán mhaireachtála foriomlán na saoránach. Spreagann sé cultúr fiontraíochta – d'fhéadfadh rath fiontraíochta daoine eile a spreagadh chun gnólachtaí a chur ar bun agus timthriall dearfach nuálaíochta a chruthú a rachaidh chun tairbhe an phobail i gcoitinne.	2 @ 4
--	--	---------------------

Ardleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.
Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínte i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

Roinn	Sármhaith	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Réamhrá LOI (Gné Fiosrúcháin)	Tá LOI ráite go soiléir, mar cheist/fadhb/deacracht le dul i ngleic le agus tá sé ábhartha leis an téama. Tá na haidhmeanna leagtha amach go h-an soiléir (SLACHTMHAR) agus de réir an ghné fhiosrúcháin a roghnaítear agus Torthaí Foghlama na Sonraíochta.	Leibhéal an-mhaith d'fhreagra. Tá an LOI ciallmhar. Tá na haidhmeanna soiléir go leor agus i gcomhthéacs. larracht an-mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.	Maith ach easpa struchtúr. larracht mhaith ar nascadh an LOI leis an téama ach níl doimhneacht nó struchtúr ann. Tá na haidhmeanna doiléir agus tá cuid acu nach bhfuil i gcomhthéacs. larracht mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.	Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra. Nascadh an-íseal don LOI leis an téama nó na Torthaí Foghlama. Má chuirtear aithmeanna ar fáil, cuirtear aithmeanna an-íseal ar fáil.	Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar. Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.
10 marc	9-10	7-8	5-6	3-4	0-2
Fianaise ar shonraí: 5 mharc	5	Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.	Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.		

An Próiseas Taighde 40 marc					
	Sármhaith 9-10	An-mhaith 7-8	Maith 5-6	Réasúnta 3-4	Lag 0-2
Úsáid & Anailís	Úsáid sonrach do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI. Anailís criticiúil domhain do LOI atá ábhartha leis na coincheapa agus teoiric atá in úsáid. Anailís criticiúil agus géarchúiseach do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid.	Úsáid ábhartha an-mhaith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI. Anailís criticiúil an-mhaith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid.	Úsáid ábhartha maith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI. Anailís maith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid.	Úsáid bunúsach d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Anailís bunúsach don eolas agus sonraí atá in úsáid.	Úsáid ar bith d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Is féidir go mbeidh coincheapa agus teoiric neamhabhartha leis an ghné fhiosrúcháin. Tá anailís na bhfoinsí eolais agus sonraíochta má úsáidtear iad an-íseal agus
Léirmhíniú & Luacháil	Aistriú agus luacháil iontach agus eolach ar shonraí, coincheapa agus teoiric eacnamaíochta bainteach leis an LOI.	Léirmhíniú agus déantar anailís ar coincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí ar chaighdeán an-ard.	Léirmhíniú agus luacháil maith do choincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí.	Tá an taighde atá déanta ar an ghné fhiosrúcháin olc agus mar sin de tá caighdeán aistrithe agus luachála an-íseal. Is féidir go mbeidh cuid don anailís mícheart.	Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Bunúsach mura bhfuil léirmhíniú nó luacháil. Taighde neamhabhartha leis an ghné fhiosrúcháin.
Argóintí & Breithiúnais	Déantar luacháil agus ceistiú ar argóintí agus breithiúnais eolacha iontacha ar dóigh oibiachtúil agus déantar iad a nascadh go soiléir le coincheapa agus teoiric eacnamaíochta agus a thacú le sonraí/learáidí/cuair cuí.	Déantar anailís eolach an-mhaith ar argóintí agus breithiúnais. Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí an-mhaith d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/learáidí/cuair.	Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí maithe d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/learáidí/cuair.	Argóintí an-teoranta agus/nó cuirtear breithiúnais chun tosaigh le cuid acu ábhartha go neamh-shoiléir.	Ní chuirtear aon argóint nó breithiúnais ar fáil.
Sonraí (Úsáid & Anailís)	Tá na sonraí atá in úsáid cuí, cruinn, anailísithe go criticiúil, léirmhínithe agus a luacháil go domhain i gcaighdeán an-ard.	Déantar anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag caighdeán an-ard.	Déantar beagáinín anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag leibhéal maith. Easpa doimhneacht.	Caighdeán íseal do thaighde ar shonraí, déantar cuid acu a anailísiú go cruinn ach cuid acu feidhmithe go míchruinn agus neamhabhartha.	Tá na sonraí má tugtar iad neamhabhartha agus seanaimseartha.
Próiseas Taighde Marc Iomlán	36-40	28-35	20-27	19-12	0-11

	Sármhaith	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Conclúid	Breithiúnais/conclúidí an-eolach, cuí & cruthaithe atá bunaithe go soiléir & follasach ar an anailís & luacháil don fhianaise a bhaineann le coincheapa & teoiric. Baintear aidhmeanna beartaithe amach & déantar moltaí cruthaithe ábhartha. Gné fiosrúcháin ábhartha nua molta a tháinig ó anailís an taighde.	Conclúid eolacha bunaithe go soiléir ar anailís agus luacháil na fianaise le nasc soiléir chuig coincheapa & teoiric. Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach. Moltaí ábhartha déanta. Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua.	Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar an anailís agus luacháil le roinnt fianaise go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa & teoiric. Baintear an méid is mó d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt.	Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha. Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe.	Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid. Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach. Cuid mhór athdhéanamh agus athrá.
20 marc	18-20	14-17	10-13	6-9	0-5
Machnamh	Léargas pearsanta soiléir agus domhain faighte trí machnamh tuisceanach agus domhain ar an rannpháirtíocht leis an staidéar. Inniúlacht cuimsitheach soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Léargas pearsanta soiléir faighte trí machnamh ar an rannpháirtíocht leis an staidéar. Inniúlacht soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Faightear roinnt léargais pearsanta fríd roinnt machnamh teoranta ar an ábhar. Machnamh éigin déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar. Machnamh teoranta déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha. Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.
10 marc	9-10	7-8	5-6	3-4	0-2

	Sármhaith	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnac has Iomlán	SRP an-chiallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Tá an struchtúr iontach. Tá an chumarsáid choincheapa, teoiric agus sonraí atá in úsáid cuimsitheach agus ábhartha. Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas sonrach, smaointeoireacht chriticiúil agus fócas gear. Úrnuacht agus nuálaíocht iontach soiléir ar fud.	Tá SRP an-chiallmhar & loighciúil de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr an-mhaith. Tá an teanga, na coincheapa agus sonraí atá in úsáid imeasctha go maith. Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas maith, agus fianaise ar smaointeoireacht chriticiúil. Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Tá SRP beagáinín ciallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr réasúnta. Taispeánann cumarsáid argóintí agus breithiúnais leibhéal maith eolais. Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt. Struchtúr íseal. Tá an chumarsáid neamheagraithe agus tá easpa aontachta ann. Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Níl struchtúr & comhleanúnachas ar bith leis an tuairisc seo. Tá easpa fócas agus soiléireacht sa tuairisc. Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc.
15 marc	14-15	11-13	8-10	5-7	0-4

